


Pléaráca 2005

FOILSITHE AG PLÉARÁCA TEO AR ÓCÁID NA FÉILE

€2.50



- 'Gorbachev na Gaeltachta' - Pádraig Ó hAoláin
- An Maor Uisce - Pádraig Ó Flatharta
- Capaillíní Chonamara
- Na Niseacha ar ais
- Oideachas Speisialta
- Clár na Féile
- Imeachtaí na Féile

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Buíochas

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosaí a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Muireann Ní Dhroighneáin, Séamas Ó Cualáin, Donncha Ó hÉallaithe, Pádraig Seoige, Philomena Ní Neachtain, Mairéad Ní Chualáin, Áine Ní Chonghaile, do na Scribhneoirí Óga agus do Phádraig Ó hAoláin agus Paddy Ó Flatharta as ucht agallaimh a dhéanamh. Buíochas do gach duine a thug grianghrafanna.

Do Sheán Ó Mainnín a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris. Do Europus a rinne an phrofáil. Do fhoireann Chlóidóirí Lurgan agus Micheál ó Braonáin.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíorbhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Oibre na Féile:

Micheál S. Mac Donncha - Cathaoirleach
Meta Uí Mháille
Muireann Ní Dhroighneáin
Réamonn Ó Mainnín
Fiona Ní Fhlatharta
Máire Uí Chonaola
Tommy Cevan Ó Níaidh
Jackie Mac Donncha
Seán Ó Maidín
Peigí Ní Chonghaile
Máire Ní Chualáin
Patrick Ó Máille
Niamh Nic Lochlainn

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht:

Coiste Choláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh
Breandán Ó hEaghra
Nan Tom Taimín de Búrca
Seosamh Ó Giobúin
Mick Lally
Johnny Hughes
Na ceoltóirí, ealaíontóirí agus scríbhneoirí uile atá ag glacadh páirte sa bhféile.
Mairéad Ní Chonaire
Coiste Pobail Chamuis
Foireann Leabharlainne na Ceathrún Ruaidh
Máirtín Tom Sheáinín
Pádraig Ó hAoláin - Údarás na Gaeltachta

Majella Ní Chríocháin - Údarás na Gaeltachta
Tomás Mac an Iomaire - RTE RnaG
Neasa Ní Chualáin - RTE RnaG
Pádraig Ó Ráinne - TG4
Josie Sheáin Jeaic
Mac Donnacha
An tAth Pádraig Consaidín
Tadhg Mac Dhonnagáin
Isadora Ní Loingsigh, Europus
Áine de Bhailís, Europus
Áine Ní Dhroighneáin
Mattie Joe Shéamuis Ó Fátharta
Trevor Ó Clochartaigh
Sarah Uí Mháille
Na Foirne Naomhóg
Áras MhacDara ar an gCeathrú Rua agus coistí Ionaid Lae Chonamara
Áras Charna
An Spailpín Fánach
Áras Uí Chadhain
Seanscoil Sailearna
Libby Nic Cormaic
Muintir Mhichael
Mháire a'Ghabha agus muintir Tess Bn Uí Chonghaile
Na Moltóirí
Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu.
Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht an gcúnamh le poiblíocht

Clár na hIrise

- 3 **Bobby Beggs – báireoir a maireann a cháil**
Séamas Ó Cualáin
- 5 **Saoir Bád, Bádóirí agus Saoir Cloch Ros Muc agus Chamuis**
Pádraig Seoighe
- 6 **Maor Uisce - Pádraig Ó Flatharta**
Meta Uí Mháille
- 14 **Máirtín Ó Neachtain agus Capaillíní Chonamara**
Philomena Ní Neachtain
- 15 **Coláiste Cumhneacháin an Phiarsaigh - An Choláiste Tin**
Meta Uí Mháille
- 16 **Na Niseacha ar ais**
- 18 **'Gorbachev na Gaeltachta'**
Pádraig Ó hAoláin in agallamh le Donncha Ó hÉallaithe
- 26 **Ciorraithe in Oideachas Speisialta**
Mairéad Ní Chualáin
- 30 **Clár na Féile**
- 32 **Imeachtaí na Féile**
- 37 **Imeachtaí don Óige**
- 38 **Trathnóna Litríochta**
- 43 **Scribhneoirí óga.**

PRÍOMHURRAITHE NA FÉILE
Ealaín na Gaeltachta, Iomairt Cholmcille,
Comhairle Contae na Gaillimhe, Cumas Teo.

An Clúdach: Pádraig Ó Flatharta nó Paddy Phaitín
Johnny as Camas a chaith blianta ag obair mar mhaor uisce agus mar chigire iascaigh. Féach lch 6

Cúigear Ros Dumhach

Is beag a cheap éinne nuair a cuireadh cúigear fear as Ros Dumhach, Co Mhuigheo I bpriosún i dtús an tSamhraidh de bhrí nach raibh siad sásta cloí le hurghaire cúirte a chuir an comhlacht Shell i bhfeidhim orthu, go mbeidís fós sa bpriosún faoin am a bhfuil an iris seo ag dul i gcló. Tá ós cionn cheithre scór lá déanta i bpriosún anois ag Micheál Ó Seighin, Uinsionn Mac Craith, Philib Mac Craith, Willie Cordubh agus Breandan Philibín agus gan aon chosúlacht fós air go bhfuiltear chun iad a scaoileadh saor.

Níl aon choir déanta ag na fir seo, níor ghoid siad aon ní, níor bhuail siad ná níor mharaigh siad aonduine. An t-aonrud atá déanta acu ná iarracht a dteaghláigh féin, a gcuid talún agus tithe a chosaint trí gan cead a thabhairt do chomhlacht ollmhór idirnáisiunta Shell a bpíblíne gáis a chur ró-ghar da gcuid tithe. Níl na fir seo ag iarraidh an gás a stopadh ag teacht tríd a gceantar, ta siad ag iarraidh go ndéanfaí scagadh ar an ngás amuigh ag farraige, chun nach mbeadh an oiread contóirte ag baint leis dá dtarlódh timpist do na píopaí ar talamh. Sin an fáth gur Shell To Sea an teideal atá ar an bhfeachtas atá ar bun, ó cuireadh na fir sa bpriosún, chun aird a tharraingt ar a gcás agus chun brú a chuir ar Shell agus na polaiteoirí teacht ar réiteach a scaoileadh na fir seo amach. Nuair a labhrann gaolta nó lucht tacaíochta na bhfear, deir siad nach bhfuil an cúigear chun tabhairt isteach, is cuma cén t-achar a bheidh orthu a chaitheamh sa bpriosún. Tá Shell



ag rá an rud céanna, nach bhfuil siadsan chun an urghaire cúirte a scaoileadh. Tá ceisteanna dlí agus polaitíochta fite fuaite ins an scéal seo chomh maith mar go bhfuil se ráite ag an ngrúpa agóidíochta nach raibh cead faighte ón tús an phíblíne gáis a chur san áit a bhfuil sé dá chur i dtír ag Shell. Go deimhin, tá ceist mhór faoin socrú iomlán a rinne airí rialtais le Shell maidir leis an ngás seo a thabhairt i dtír. Breathnaíonn sé gur ag Shell atá an bhrabach iomlán as an acmhainn nádúrtha náisiúnta seo agus nach bhfuil ciste na tíre seo chun aon bhuntáiste a dhéanamh as Tobar Gáis na Coiribe. Is mór an difríocht idir socrú den chineál seo agus margaidh a rinne rialtais in Albain agus san Ioruaigh nuair a bhí siad féin ag déanamh socraithe le comhlachtaí a gcuid gáis agus ola a thóigáil.

Is léiriú atá ann arís ar an gcaoi a ndéantar socraithe ag ardléibhéil sa tír seo agus nach smaoinítear ar an dtionchar a bheas ag na socraithe ar an ngnáthdhuine.

Idir an dá linn tá cúigear fear Gaeltachta ag seasamh a gcás taobh thiar de bharraí an phriosúin. Tá na hargóintí agus na

diaspóireachtaí ag dul ar aghaidh, tá cruinnithe agus máirseáileacha da reachtáil, tá polaiteoirí de chuile chineál ag tabhairt cuairt ar na fir sa bpriosún ach fós níl aon réiteach ar an gcás. Is iontach an rud é nuair a chuimhníonn tú ar an méid airgid ata ag Shell agus an chumhacht atá ag an rialtas nach bhfuil siad in-ann réiteach a fháil ar an gceist seo agus na fir a ligean arais go dtí a gcuid mná agus páistí i Muigheo. Tá bac curtha ag cúigear ar chomhlacht chumhachtach idirnáisiúnta Shell agus íobairt mhór dá dhéanamh acu. Tá sé in am ag polaiteoirí na tíre seo a gcloigne a chur le chéile agus fuascailt a fháil ar an scéal.

Agus ná habraíodh siad nach bhfuil sé ar a gcumas sin a dhéanamh.

Pé deireadh a bheas leis an scéal seo, ní dhéanfar dearmad ar Chúigear Ros Dumhach, go háirithe nuair a bheifear ag siniú conarthaí arís le comhlachtaí príobháideacha. Ní dhéanfar dearmad orthu ach oiread nuair a bheas toghcháin ar bun, go háirithe i gCo Mhuigheo.

Bobby Beggs – báireoir a maireann a cháil

Le Séamas Ó Cualáin

Deireadh an seandream fadó go mbíodh daoine áirithe ann a raibh sórt draíocht acu ó dhúchas agus go raibh sin acu gan fhios dóibh féin. Anois má bhí peileadóir ar bith in Éirinn riamh a raibh an tréith seo ag roinnt leis, déarfainn gurbh é Roibeard Ó Beig é, an Bleácliathach, a raibh a ainm i mbéal na tíre sna tríochaidí agus i dtús na ndaichidí, agus gnaoi agus gean air dá réir.

Ba eisean a chorraíodh an lucht leanúna lena imirt bheoga bhríomhar bhuanseasmhach, agus ba dheas uaidh i gconaí fuinneamh úrnua a chuir ina chomhimreoirí in am na géarbhroide. Agus, maidir le greann, ní raibh a shárú le fáil.

Peileadóir crua fáiscithe a bhí i Roibeárd, agus an méid a chaill sé san airde thug sé isteach sa díocas agus sa chaondúthracht é. Ní fhéadfaí a chuir ina leith choíche gur stríoc sé ón gcomhlann ba ghéire, mar ní chuirfeadh an saol drochmhiseach ar an bhfear.

I Sceirí i gContae Bhleá Cliath a saolaíodh Mac Uí Bheig, agus ó tharla gur chaith sé a óige le ceird an iascaire bhí, dá bharr sin, cruas coirp ann agus acmhainn aige ar chruatan a fhulaingt.

I ngeall ar a thréanamir dá chlub, Naomh Seosamh, toghadh é ar fhoireann sinsear Bhleá Cliath a bhuaigh Craobhacha Laighean i 1933 agus 1934. Aisteach go leor, ba iad na Gaillimhigh a cheansaigh na Bleácliathaigh na blianta seo – i gcluiche leathcheannais na hÉireann i 1933 agus sa chluiche ceannais i 1934. I lár páirce a d'imríodh Roibeárd ag an am agus ní raibh cinneadh go deo leis i 1934 nuair a bhris na



Bleácliathaigh ar na Ciarraigh i dTrá Lí (leis an scór 3-8 i gcoinne 0-6) agus arís sa bhabhta deiridh nuair a loic a chontae in aghaidh fhir an Iarthair.

Go gairid taréis dó Corn an Bhóthair Iarainn a

ghnóthú le Cúige Laighean i Márta 1935, thug fear Sceirí a aghaidh siar ar Chathair na dTreabh mar ar lonnaigh sé go dtí 1941. Chreid sé féin gurbh iad na blianta seo an chuid ba shuntasai agus ba ghile dá shaol uile.

Toghadh Roibeard Ó Beig ar fhoireann na Gaillimhe den chéad uair i 1935, agus an fhad a bheidh meas an Ghaeil ar chrógacht agus ar dhílseacht, tráchtfar ar mhóimeachtaí Roibeárd mar leathchúlai láir i gcaitheamh a thréimhse san Iarthar. Bhí sé i mbláth a nirt is a mhaitheasa an uair úd agus é chomh haonrianach, chomh seasta le cúrsa na gréine féin.

Ní bheadh aon chuntas ar an mBleácliathach cruinn baileach gan tagairt a dhéanamh dá chuid niachais i gcoinne Mhaigh Eo i gcluichí ceannais Chonnacht ó 1935 go 1940 agus in éadan Ros Comáin i 1941, a ch chuir sé an dlaoi mhullaigh ar a chuid imeartha i 1938

Nuair a cuireadh an cath ar Chiarraí i gCluiche Ceannais na hÉireann. Níor mhistigh a lua go raibh forlámhas ag na Muimhnigh i lár na faiche agus ó tharla sin a

bheith amhlaidh, tháing meáchan na n-ionsaithe ar na leathchúlaithe dochloíte – Proinsias Ó Conduibh, Roibeárd Ó Beig agus Séarlas Ó Conaola. Ní raibh goir ná gaobhar ag a chéile comhraic, Séarlas Ó Súilleabháin, ar an mBleá Cliathach.

Shroich Gaillimh an babhta deiridh de Chraobh Cheannais na hÉireann i 1940 agus arís i 1941, ach mar bharr ar an mí-ádh briseadh orthu an dá thuras.

Bhí Roibeárd Ó Beig diomúch go maith de thoradh na dtubaistí seo agus d'fhill sé ar an bpríomhchathair arís. Bhain sé Craobh Laighean lena chontae dúchais i 1942 – agus cé chasfaei orthu sa bhabhta deiridh ach Gaillimh! Ach an iarraidh seo, d'agair na gaiscígh cois Life treascairt na dtríochaidí ar na Gaillimhigh agus rug siad leo Corn Mhig Uidhir.

Fad is a bhí Roibeárd san Iarthar bhuaigh sé, i dteannta Chraobh na hÉireann i 1938 Craobh Chonnacht trí huaire, an tSraithchomórtas Náisiúnta i 1940 agus dhá chraobh contae leis an gclub nua-bhunaithe, Club Wolfe Tone.

I 1943, bhí mé i bPáirc an Chrócaigh nuair a stiúraigh Roibeárd club a dhúiche féin, Cláirseacha Sceirí, chun bua i gcaobh shóisear a chontae. Agus ní gá dom a rá gur gheal mo chroí do sheanfheinní na gcéadta cath.

Áthcliathach ó dhúchas ba ea fear Sceirí, ach go lá a bháis ba Ghaillimheach dílis é agus níl am dá mbíodh peileadóirí an Iarthair ag iomaíocht cois Life nach bhfeictí é chomh díograiseach agus chomh líofa is a bhí ariamh. Go ndéana Dia trócaire ar a anam dílis.

Is buaine bladh ná saol!

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!



**THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY**

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

gaeilge.ie

do nasc leis an teanga

your link to the language



Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: eolas@forasnagaeilge.ie

Saoir Bád, Bádóirí agus Saoir Cloch Ros Muc agus Chamuis

Pádraig Seoighe

Bhíodh scoth na mbádóirí i gCamus agus i Ros Muc agus bhíodh roinnt acu in-ann saoirseacht agus cultacha seoil agus eile a dhéanamh, cosúil le Michaelín Mhicil Dharach Seoige ó Chamus Uachtair, bádóir, saor agus fear farraige agus seoltóireachta. Deirtear go ndearna sé culaith seoil don "American Mór" fadó. Tá sé luaite faoi Mhike Chite san amhrán "Céad Slán le Camus" a chum Colm Ó Méalóid go raibh aithne mhaith air i gCill Rónáin is i gCill Mhuirbhí.

Is rí mhinic freisin a sheol sé soir go Cinn Mhara agus go Co. an Chláir. Ar ndóigh ba le móin is mó a bhí déileáil ag na daoine an t-am sin agus bhrathadh díol na móna ar phraghas an luicht. Bhíodh an-scil sa bhfarraige freisin ag Pat Stiofáin Seoige, Patín Johnny Ó Flaithearta agus ag Johnny Watty nó Seán Ó Giobúin. Bhí siadsan mar chriú ar an sraith cláir "Fios Farraige" fadó ar Raidió na Gaeltachta.

Bhíodh báid freisin ag Antaine Breathnach (Sheáin a' Bhreathnaigh) agus ag athair Sheáin Ó Catháin nó Johnny Nan - pucáin a bhíodh acu siúd. Bhíodh Patín Johnny ag cur caoi agus ag deasú múnlaí bád.

Tá bádóirí Ros Muc luaite go láidir le fada an lá agus bhí neart acu ann. Bhí siad seo a leanas mar chuid díobh - John Phádraig Pheadairín Ó Griallais agus a dheartháir Joe, An Gríofach, Pádraig agus Darach Pheadair Dharach agus roinnt mhaith eile. Is saor bád é Colm Breathnach nó Colm Mhichael Labhráis as



St Katherine. Gleoiteog Mhór leis na Bairéid as Fuirnis - an bád is déanaí agus an chéad ghleoiteog a tógadh i Leitir Mealláin le 50 bliain. Tógadh an St Katherine le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta faoi scéim na mBád Traidisiúnta.

Inis Oilte, Ros Muc. Sé a rinne suas an "American Mór" mar a luann an t-amhrán le Tom a' tSeoige. Tá sé luaite freisin san amhrán "An Chapall" le Seán Cheoinín.....

"Tá sí deasaithe ag Mac Labhráis Bhreathnaigh,

Is ní scaipfidh a cuid adhmaid go héag"

Saoir Cloch

Tá saoir cloch Chamuis luaite san amhrán úd "Céad Slán le Camus" Deir sé gurbh é Jimmy Nan (Méaloíd) agus Michael Watty (Ó Giobúin) na saoir is na tógálaithe. Bhí Peter Janín Breathnach ó Dhoire Bhanbh go maith freisin. Bhí a mhac siúd Bearthla ina thogha tógálaí agus pláisteálaí. Tá siad siúd go léir básaithe anois, Beannacht Dé lena nAnam. Bhíodh roinnt eile daoine a bhíodh paiteanta ag socrú cloch sa tseanaimsir agus tá a rian sin le feiceáil ar na

sciobóil agus eile a bhfuil obair chloch déanta orthu.

Bhí roinnt mhaith saor cloch i Ros Muc freisin, ina measc deartháir do John Bhearthlín Antaine Ó Mainín. Bhí an-cháil ar seo mar shiúinéir chomh maith. Bhí an-cháil ar an bhfear a thóg Teach an Phiarsaigh gar do Loch Eileabhrach. Ach oiread le Colm de Bhailís bhí cáil as cuimse orthu agus iad siúd nach mór básaithe freisin. Mar a deireann an seanfhocal "Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chur".

Na Saoir Bád

B'iontach iad na saoir bád a bhí i gConamara tráth,

A bhain cáil amach ag déanamh bád is cinnte d'fhéadfá rá,

Cathasaigh Mhuighinse is na Clochartaigh ón Aird

A d'fhorbair na múnlaí is a rinne na dea-bháid.

Bhí ceird ag na Cathasaigh ach bhí gift acu thar barr

Is ba rí-dheacair iad a shárú mar ní raibh siad in aon cheard,

Óna Sceirde go Co. an Chláir,

Ná ó Ruisín na Mainíoch go dtí an Trá Bháin

Ó Bhearna go Carna ná i gCríocha Fódhla

Bhí saoir i Leitir Mealláin, in Inis Leacain is in Inis Ní

I gCaiseal thiar go cinnte is ar na hoileáin dá réir,

Ach ní imreodh rí na méaracán

Ar na Cathasaigh thiar san Aird

Mar bhí ceird acu, bhí gift acu,

Is chrochadar leo an barr.

“Éist le Fuaim na hAbhann”

Chaith Pádraig Ó Flatharta nó Paddy Phaitín Johnny as Camas blianta ag obair mar mhaor uisce agus mar chigire iascaigh le Bord Iascaigh Réigiún an Iarthair. Labhair sé le **Meta Uí Mháille** faoi chúrsaí iascaireachta i gConamara. Tá sé cáinteach agus díomach faoi an easpa caomhnaithe agus forbartha ar iascaireacht locha agus aibhneacha.

IgCamas a rugadh agus a tógadh mé. Níor oibrigh mise as baile riamh. Is ag plé le hiascaireacht a bhí mé ó d'fhág mé an scoil.

Thosaigh mé ag obair i dTeach Mór Scríbe i dtús na seascaidí. Ba iad na Berridges na sean Tiarnaí Talún a mba leo Scríb. Ní mba Caitlicigh a bhí sna Berridges ar dtús ach d'athraigh siad cibé cúis a bhí leis, ach nuair a d'athraigh deirtear go raibh siad go maith do mhuintir na háite.


Bhí meas ag muintir na háite ar na Berridges, mar chuir siad obair ar fáil dóibh. Ba leo go leor den talamh, na criathraigh, na cearta iascaigh agus foghlaireachta thart timpeall. Roinn siad go leor den talamh ar dhaoine, cé gur choinnigh siad píosa de phortach dóibh féin. Ba leis na Berridges Inbhear Beag, Inbhear Mór agus na haibhneacha sin siar freisin uair amháin. Cheannaigh Muintir Guinness iad seo uathu. Dhíol na Guinneses Inbhear Mór le Touhy agus ina dhiaidh sin arís dhíol siad Inbhear Beag leis na hOdlums. Choinnigh siad páirt bheag den eastát nuair a dhíol siad Scríb.

Díoladh Scríb le feilmeoir as an mBreatain Bhig, Davis a bhí air. Nuair a cheannaigh Davis é d'oscail sé Teach Mór Scríbe mar Óstán. Provetee an t-ainm a bhí ar an mbainisteoir a bhí ann. Iascairí is mó a bhíodh ag fanacht ann. Ansin rinne sé teach príobháideach de agus thagadh sé féin agus a chlann, dhá mhí den bhliain ann. Dúnadh suas

ansin é agus ní raibh tada ann ar feadh i bhfad. Bhí an teach ar an margadh gan an iascach leis ar feadh trí nó ceathair de bhlianta mar ní raibh Davis ag iarraidh an t-iascach a dhíol. Bhí an gorlann ag imeacht go maith agus bhí Loch Scríbe ag an am sin chomh maith le haon loch in Éirinn ó thaobh iascach. Nuair a cheannaigh Davis Scríb ó na Berridges, £17,000.00 a chuaigh sé, cearta iascaireachta agus chuile shórt. £30,000.00 a bhí Davis a iarraidh air gan an iascach nuair a chuir seisean ar an margadh é.

Bhí suim agam san iascaireacht riamh agus chaithinn a rá gurbh é an t-athrú is mó atá feicthe agamsa, lochanna agus aibhneacha a bhíodh lán le hiasc agus nach bhfuil tada iontu anois ach an t-uisce. Tá siad ligthe i léig, na báid tite. Ba acmhainn iontach thábhachtach agus nádúrtha a bhí ann agus is trua nar déanadh forbairt air in ionad é a ligean i léig. Nuair a bhí Inbhear Mór agus Inbhear Beag istigh le Scríb, bhíodh thart ar scór ag obair in Inbhear Beag mar bhádóirí, mar gharraíodóirí agus mar mhaortha, gan trácht ar an dream a bhíodh ag obair sna tithe. Bhíodh seachtar bádóirí i Scríb.

Sna blianta ar thosaigh mise ag obair i Scríb i dtús na 60aidí, bhíodh tríocha liathán sa mbád agat tráthnóna nó mar a raibh, bhí droch lá iascaireachta agat. An lá is fearr a chonaic mise i Scríb, bhí péire le cois leathchéad liathán agus dhá bhradán sa mbád tráthnóna. Sin ar Loch Scríbe agus bhí trí bhád



amuigh an lá céanna. Inseoidh sé sin duit cé chomh fairsing is a bhí iasc ag an am sin. Sasanaigh agus Albanaigh is mó a bhíodh ag teacht an t-am sin, coirnéil mhóra le handlebars de mhustashíocha orthu. Bhíodh na locha tógtha ó bhliain go bliain acu. Nuair a thosaigh an trioblóid ansin sa Tuaisceart d'fhan siad sin as, agus dream ó thuas faoin tír a bhíodh ag teacht, go mór mór lucht capall as Cill Dara agus an taobh sin tíre, agus lucht gnó as Baile Átha Cliath.

Nuair a thagadh rásaí na Gaillimhe, séard a dhéanadh na Prendergasts agus na O'Briens agus a leithéidí, thagadh siad amach ar maidin agus d'fhanfadh siad ag iascach nó go mbíodh sé in am ag na rásaí tosú thart ar a 3 nó 4 a chlog tráthnóna.

Nuair a thosaigh mé ag obair mar bhádóir i Scríb, bhíodh Johnny Watty agus m'athair ag obair ann freisin. Searbhóntaí nó sclábhaithe a bhí ionainn. Nuair a thagadh na Sasanaigh bhíodh orainn a bheith rompu, lámh a chuir sa gcaipín nó i a chrochadh, an mála nó na ciseáin bia a iompar siar dóibh. Bheadh tú ag iomramh ansin is cuma cé'n chaoi a mbeadh an lá. Nuair a thagadh am dinnéir tharraití isteach na báid, thabharfaí lámh dóibh teacht amach asti. Cuid acu a bhí go deas agus cuid acu a bhí cantalach. Bheadh tú ag faire tip tráthnóna. Théadh siadsan ansin isteach sa lunchhouse, áit a mbíodh tine bhreá thíos agus bord mór le éadach bán air, is anseo a bhíodh na ciseáin lóin fágtha. Bhíodh orainne fanacht b'fhéidir leathuair go mbeadh siad seo réidh agus cibé céard a bheadh fágtha ina ndiaidh acu thabharfaí amach againne é, buidéal pórtair agus cúpla ceapaire b'fhéidir. Bhíodh bráca beag déanta taobh amuigh le claí do na gillys mar a thugtaí orainn, cúpla sheet tin a choinneodh an bháisteach uait. Sé an chéad rud a dhéanadh siad nuair a thagadh siad isteach den loch ná dul isteach sa mbráca ag an leithreas agus bhí siad ag ceapadh gur cheart dúinne a bheith sásta lón a ithe ann ina dhiaidh sin. Bhíodh mé féin a' rá le Johnny Watty, sé is mó a bhíodh liom, nár cheart dúinn a bheith ag cur suas leis seo. Ach sin é an nós a bhí ann leis



Páitín Johnny, athair Phaddy Ó Flatharta, tar éis lá iascaigh.

na blianta. An lá seo ar chaoi ar bith, bhí an boc mór seo a bhí sách maslach agus drochmheasúil tar éis an bráca a úsáid. Dúirt mé féin le Johnny go raibh mé ag dul isteach, ní raibh an lón tagtha amach fós againn. Isteach liom. "Where are you going?" a dúirt mo dhuine, "your lunch will be sent out after a while so wait outside!". "Well I am having my lunch here today and every day from now on" a dúirt mé féin. "Tá sé sách maith agaibhse a bheith ag déanamh leithreas den bhráca atá againne agus níl muid sásta cur suas leis níos mó!". Chaill sé an bloc liom. "I will get you sacked!" a deir sé agus d'imigh sé isteach go dtí an bainisteoir i Scríb. Tháinig seisean amach, bhí mé cinnte go bhfaighinn an bóthar agus bhí mo dhóthain faitís orm mar ní raibh sé éasca obair a fháil, ach ba chuma liom bhí mé tinn den rud seo. D'inis mé an scéal dó, "Is feidir leat an bóthar a thabhairt dom ach níl mé ag dul ag cur suas leis seo níos mó!" Níor thug agus ón lá sin amach d'ith gach duine san lunchhouse. Ach ní shin deireadh an scéil. Nuair a d'imigh an bainisteoir a bhí i Scríb blianta ina dhiaidh sin, cuireadh mise i gceannas an iascach. An mhaidin seo bhí mé ag dul soir an bóthar tar éis glas a bheith bainte de na báid agam. Bhí an bheirt seo chugam anoir. D'aithnigh mé mo dhuine ar an nóiméad. "Cá bhfuil tusa ag dul?" a d'fíafraigh mé dó. "I am going fishing!" a dúirt sé. "M-anam nach bhfuil" a deir mise leis, "Tá an fear atá in éineacht leat ag dul ag iascach ach níl tusa ag dul! An cuimhneach leat an lá a thriail tú mise a fháil sacáilte? Níl tú ag dul ag iascach inniu ná aon

lá eile chomh fada is atá mise anseo!"

Chaith mé roinnt blianta ag obair i Scríb mar bhádóir agus ansin mar bhainisteoir iascaigh. Ansin i 1967 chuaigh mé ag obair don Connemara Board mar mhaor. Ba é an t-Athair Ó Móráin a bhí i Ros Muc a bhí ina chathaoirleach, bhí Holmes Peacock an Tigh Dhóite agus Michael Vahey as Baile na hInse chomh maith le daoine eile ar an mBord. Bhí maortha eile freisin fostaithe. Nuair a bunaíodh Bord Iascaigh Réigiún an Iarthair i 1980, sé Seán Nixon a bhí ina bhainisteoir iascaigh ag na hOdlums in Inbhear Beag a fuair an post mar chigire iascaigh leis an mBord sa gceantar seo. Ag an am seo bhí mé ar ais ag obair i Scríb agus ag déanamh beagán oibre ag maoirseacht le Seán Nixon, ag obair i Scríb sa lá agus ag maoirseacht san oíche. Bhí Nixon ag iarraidh orm ar feadh i bhfad m'intinn a dhéanamh suas dul leisean nó fanacht i Scríb. Bhí rudaí go maith i Scríb nuair a bhí Davis ansin. Ní raibh mé chomh sásta leis an dream a tháinig ina dhiaidh, rinne mé suas m'intinn agus chuaigh mé le maoirseacht go lán-aimseartha. Sin é an chaoi ar thosaigh mise le Bord Iascaigh Réigiún an Iarthair. Ansin i 1983 fuair Seán Nixon post thuas i Maigh Eo agus fuair mise an post a bhí aigesan anseo. Sé an ceantar a bhí faoi mo chúram ná an cósta ó Bhaile na hAbhann, Ros a Mhíl siar go Ceann Léime agus siar ó thuaidh den Chlochán, aniar chomh fada leis an Léim gar d'Uachtar Ard. Sin é an réimse idir farraige, cósta, lochanna agus aibhneacha a bhí faoi mo chúram, cé go ndéanfadh muid píosaí eile den chósta freisin aimsir bradáin - suas chomh fada le Dún na nGall agus síos chomh fada le Ceann Léime ó dheas agus amach ó dheas d'Árainn

Bhí foireann mhór againn an t-am sin. Bhíodh an fear ar a dtugtaí an sixty pound man ann, foireann pháirtaimseartha a bhíodh fostaithe le dream a scaoileadh saor ar an Domhnach. D'íoctaí £60 leo seo. Thógtaí seachtar nó ochtar eile breise sa Samhradh le dhul ag maoirseacht san oíche. Ag an am sin bhí go leor oibre i gceist. Bhí an t-iasc ann agus bhí na póitseálaithe ann freisin. Bhíodh muid an t-am sin in-ann dul síos go Casla agus chase a bheith againn ann agus eangach a thógáil agus a theacht go Scríb agus bhíodh dream eile ag póitseáil ansin. Le linn aimsir Rásaí na Gaillimhe go mór mór, níor mhór duit a bheith aclaí go maith. Séard a bhíodh ag tarlú, bhíodh na boic mhóra seo ag teacht go Gaillimh, lucht airgid agus bhíodh siad ag iarraidh bradáin. Bhíodh na hÓstáin ag cur brú ar phóitseálaithe bradáin a fháil dóibh, bhíodh siad íoctha go maith air. Thagadh dream

abhaile as Sasana le dhul ag póitseáil.

Maoirseacht

Bhíodh an mhaoirseacht níos deacra agamsa ná mar a bhí sé ag Seán Nixon mar go mba dhuine áitiúil mé. Ach ó thóg mé an jab chuir mé romham é a dhéanamh chomh maith agus chomh féaráilte agus a d'fhéadfainn agus thriail mé a bheith mar a chéile le chuile dhuine. Ní raibh aon mhaith an jab a thógáil agus a bheith ag cur i gcéill. Muna ndéanfainnse é dhéanfadh duine eigan eile é.

Déanadh gach iarracht faitíos a chuir orm. Déanadh iarracht an carr a lasadh orm. Chuaigh mé amach maidin agus nuair a chas mé air an carr, phléasc lasracha agus deatach aisti. Uair eile tháinig an dream seo romham agus dúirt siad liom "Bí ag dul abhaile nó déanfaidh muidle jab leat, tá muidle ag dul ar an abhainn, "Coinnigh oraibh" a dúirt mé "Níl mise in-ann déileáil libh anseo, téigí ar an abhainn agus déileálfadh mé libh". Bhí sé trí bliana ina dhiaidh sin nuair a rug mé ar fhear acu agus rinne sé chuile achainní orm ligean leis. B'fhéidir go scaoilfinn agus is iomaí duine ar lig mé leis mura mbeadh ach rud fánach i gceist. Fuair mé blackeye agus mar sin ach tháinig mé tríd. Ní mórán duine a thug mé chun cúirte nach raibh deoch againn lena chéile ina dhiaidh.

Líon na mBreac ag Éirí Gann

Thart ar 1988 a thug muid faoi deara i dtosach go raibh an liathán nó an breac geal ag éirí gann. Mar sa mbliain sin níor maraíodh breac ar bith ach *specimen* mar a déarfá. Sin breac mór thart ar 6-7 bpunt meáchain. Ní raibh na cinn bheaga, na *harvesters* mar a thugtaí orthu, 1/2 - 3/4 punt meáchain iontu, ag teacht isteach chor ar bith. Ach ní raibh fhios ag aon duine céard a bhí ag tarlú dóibh. Thóg sé suas go dtí 1990 sula tosaíodh ag déanamh aon taighde faoi. Thug muid faoi deara ansin nuair a théadh an t-iasc amach san Aibreán go raibh siad ag casadh ar ais agus an fhuil dhearg amach thriothú, iad ite ag na míola beaga seo thart ar an gcloigeann agus ar na h-eití. Ní fhaca aon duine é seo ag tarlú riamh cheana. Chonaic muid míola farraige i gcónaí ach bhí siad mór agus drioball orthu. Dá bhfaigheadh tú breac ar an abhainn agus míola farraige air bhí tú cinnte nach raibh sé i bhfad tagtha isteach agus go raibh sé breá úr. Thosaigh taighde á dhéanamh ar na míola

ar lean

beaga seo agus cé as a raibh siad ag teacht. Cuireadh amach muid ansin go bhfeiceadh muid céard a bhí ag tarlú sna cliabháin éisc - bhí feilmeoireacht éisc á forbairt ar scála níos mó le roinnt blianta ag an tráth seo - agus fuair muid amach go raibh an rud céanna ag tarlú do na bradáin sna cliabháin. Bhíothas den tuairim ansin go raibh baint ag an dá rud le chéile, cé go raibh lucht na gliabhán ag rá nach raibh. Chreid mise go raibh, mar blianta roimhe sin nuair a bhí mise ag obair le Seán Nixon, bhí muid ag déanamh suas cuan Chill Chiaráin, cuan na Beirtrigh Buí agus na cuanta sin thart, cé nach raibh againn ach báidín beag locha. Sé an áit a bhfaigheadh muid na heangacha curtha ná san áit a bhfuil na cliabháin éisc anois. D'fheicfeadh tú an breac geal ag éirí ann. Sin é an áit a raibh an breac geal ag caitheamh ama nó ag ithe. Ba é sin *feeding ground* an bhric gheal agus ba ós a chionn seo a bhí na cliabháin éisc. Caithfidh an míol farraige dul ar bhreac le meadú agus síolrú. Séard a bhí ag tarlú, bhí siad ag titim anuas ar na bric a bhí ag snámh agus ag cothú faoi na cliabháin. Sé an fáth a bhfilleadh na bric gheala ansin ar an bhfíoruisce ná le fáil réidh leis na míola mar ní mhairfeadh siad sa bhfíoruisce. Ach de bharr nach raibh an breac geal in-ann a dhóthain ama a chaitheamh ar an *feeding ground* lena dhóthain a ithe agus meadú, bhí siad ag cailleadh meáchain ag dul suas agus anuas. Bhí sé cosúil mar shampla le do dhinnéar a thabhairt duit taobh amuigh ar dhroch lá míoltóga beaga, ní mórán seans a gheobhfá é a ithe.

Bhíodh muid ag cur iasc amach gach bliain sna haibhneacha ionas go rachadh siad amach sa bhfarraige ach ní raibh muid cinnte cé mhéid acu a bhí ag teacht ar ais. I 1994 rinne muid gaiste (trap) - rachadh an t-iasc isteach ann ag dul síos chun na farraige agus ceann eile a rachadh an t-iasc isteach ann ar a bhealach suas an abhainn. Chuirfeadh muid marc le dúch áirithe ar na cinn sa ngaiste ar a mbealach amach agus bhí muid in ann ansin cuntas a choinneáil ar cé mhéid acu a d'filleadh ar ais agus cén t-achar a bheadh siad amuigh sula bhfilleadh siad -seachtain nó coicís nó cibé céard a bhí i gceist. Bhí Paddy Gargin ó Bhord Iascaigh Réigiún an Iarthair ag obair linn ar an togra seo. Cuireadh gaiste ar Abhainn Ghabhla atá ag dul isteach i gCuan na Beirtrigh Buí agus ceann in Inbhear Mór a ritheann isteach i gCuan Chill Chiaráin.

Tharla sé trí thimpist an bhliain sin thiar i gCuan na Beirtrigh Buí, gur tháinig galar ar an iasc sna cliabháin agus cailleadh uilig iad. Feictear dom gur 4,000 breac a chuir muid amach i nGabhla, agus

tháinig siad ar ais chomh maith, chomh nádúrtha agus chomh ramhar i nGabhla an bhliain sin. Chuir sé sin ag smaoineamh muid ach fós ní raibh an Roinn ná an lucht eolaíochta sásta glacadh leis an taighde a rinne muid, ná tabhairt isteach go raibh aon bhaint ag na cliabháin leis an bhail a bhí ar an mbreac geal.

Sé an t-aon rud a déanadh ag éirí as an taighde seo ná gur cuireadh coinníoll nach bhféadfadh aon iasc a bheith sna cliabháin nuair a bheadh na *smolts* ag dul amach, sin ó Feabhra go tús Bealtaine, le seans a thabhairt don iasc beag cothú agus meadú - ach níor chuir Roinn na Mara an choinníoll seo i bhfeidhm. Bhí fadhb mhór ag baint leis na bradáin sna cliabháin freisin. agus leis an stuf a bhí dá chur sa mbia dóibh. Ar dtús bhití ag cur an stuf seo Nuvan orthu le haghaidh na míola a mharú, ach ní raibh sé dá marú, ní dhéanadh sé ach iad a leagan amach, codladh a chur orthu. Cuireadh deireadh leis an Nuvan mar gheall ar an dochar a bhí ann agus tugadh stuf eile isteach -Ivomectin, cuireadh deireadh lena úsáid seo freisin agus tá stuf nua eile anois ann.

Bhíodh orainne dul amach agus na cliabháin a sheiceáil. Déanadh amach clár ansin do gach feilmeoir éisc, ach níor chloí go leor acu leis agus níor chuir an Bord i bhfeidhm é, ná níor chuir go dtí an lá atá inniu ann agus tá scrios déanta ar an mbreac geal agus ar an mbradán fiáin dá bharr. Tá scrios déanta ar an nádúr.

Bhíodh an-chaint freisin ar na sruth-líonta - go mba iad ba cúis leis an laghdú, ní hiad a chuir deireadh leis an mbreac geal agus ní hiad a chuir deireadh leis an mbradán ach oiread. Mar abair 800 slat d'eangach amach ó Oileán Mhic Dara nó ó Bhaile Conaola, ní tada é nuair atá sé amuigh ar an bhfarraige mhór, b'fhéidir dá mbeadh sé istigh mar shampla idir Cloch na Rón agus Inis Leacain b'fhéidir go ndéanadh sé damáiste, tá neart seans aige amuigh ar an bhfarraige

Bhíodar ag ceapadh ar dtús go raibh baint ag na foraoiseacha a cuireadh gar d'aibhneacha agus lochanna leis an laghdú a tháinig ar an iasc agus chuirfinn féin milleán air. An fhadhb is mó is dóigh liom ná an stuf a bhí siad a chur orthu le borradh fáis a chur fúthu. Bhí siad dá chur seo amach le héileacaptar agus bhí go leor dó ag dul isteach sna haibhneacha.

Bhí milleán freisin ar dipeáil caorach. B'éigin dom dul thart ag chuile fheirmeoir a raibh dabhach tumadh caorach aige agus suirbhé a dhéanamh orthu, an raibh siad ró-ghar do shrutháin agus seo

agus siúd. Thuas sna sléibhte, sna Beanna Beola, mílte suas an cnoc, bhí fear bocht a raibh dabhach tumadh caorach aige. Bhí an sruthán ag teacht anuas díreach le taobh an dabhach agus amach sa sruthán a scaoileadh sé an dip nuair a bhíodh sé réidh leis. Ag an am bhí go leor éisc ag sceitheadh sa sruthán sin. Bhí orm a rá leis go gcaithfeadh sé an dabhach a athrú. Bhí mé ag caint leis roinnt blianta ina dhiaidh sin, Béarla a bhí ag an bhfear agus séard a dúirt sé liom - "Listen here Paddy when there was dip in it, there was fish in it, now there is no dip in it and there is no fish in it!" B'fhíor dhó.

D'fhéadfaí an breac geal a shábháil dá mbeadh an dea-thoil sin ann - sé sin na cliabháin a dhéanamh sa gcaoi go mbeadh siad in-ann an fharraige a sheasamh agus iad a thabhairt amach as an áit a bhfuil an breac geal ag maireachtáil agus ag beathú. Thógadh sé roinnt blianta ach chreidfinn go mbeadh siad ar ais chomh maith agus a bhí siad riamh taobh istigh de dheich mbliana.

An Rainbow Trout.

Ta rudaí in ísle brí ar fad nuair a fheicfeas tú an rainbow dá chur amach. Is cur i gcéill é. Níl ann ach gur fearr é ná gan tada. Is mór an náire an rud atá tarlaithe. Bhíodh mé ag cloisteáil cainte fadó ar lochanna agus ar chanálacha a mbíodh iasc dá gcur isteach iontu ach níor cheap mé go deo go



bhfeicfinn an lá a dtarlódh sé anseo, go ndéanfainn féin é agus rinne! Chuir mé iasc amach in Inbhear Beag, i Loch na hAltóra agus i Loch Eiliúrach agus i gCasla. Níor cheap mé go dtiocfadh sé sa saol go deo. Is as tíortha te a thagann mianach an rainbow agus ní shíolraíonn sé gan teas áirithe. D'íosfadh sé rud ar bith, is canabal é.

Tá na bric rua feirme a chuirtear amach níos gaire don bhreac nádúrtha, is ón mbreac rua a tháinig an mianach. Déanann siad an damáiste céanna a dhéanann an bradán a imíonn as na cliabháin. Téann siad suas ar na h-áthacha ag

ar lean


Máirtín Ó Neachtain agus Capaillíní Chonamara

Philomena Ní Neachtain

Ní ón ngaoth ná ón ngrian a thug Máirtín Ó Neachtain suim a bheith aige sna capaill. Sna tríochadaí, bhuaigh a shin-shean athair - Páidín Breathnach as Snámh Bó, duais le capall agus searrach ag seó i gCarna. Ansin tháinig seanathair Mháirtín ó thaobh a mháthar agus ba iad na capaill mian a shaol féin.

B'shin é Máirtín Pháidín Bhreathnaigh as Snámh Bó. Bhíodh Máirtín Pháidín nach maireann agus a mhac Bearthlín, atá thall i Sasana anois ag taisteal le stail chláraithe de chuid mhianach Chapaillíní Chonamara ar fud Chonamara. Níl áit ar bith i gConamara nach raibh aithne ar Mháirtín Pháidín agus ar a stail. Is ag marcaíocht ar a dhroim a bhíodh sé, is minic nach mbíodh an diallait féin faoina thóin ar dhroim na staille. "Whiskers Walsh" nó "Máirtín na hEasóige" a thugadh lucht na gcapall air. I 1963 bhuaigh sé an dara háit le stail ag seó an Chlocháin. Bhíodh athair Mháirtín Ó Neachtain, sin é Míicilín Phádraig Choilm as Gleann Trasna ag obair le capall agus carr ar na bóithre ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Mar sin thug Máirtín an suim atá aige sna capaill ón dá thaobh.

Freastalaíonn Máirtín ar na seónna capaill go rialta. Tagann lúcháir ar a chroí i mí Bealtaine mar bíonn na seónna ag tosú arís. Leanann siad ar aghaidh gach deireadh seachtaine go dtí



Máirtín Pháidín an Bhreathnaigh as Snámh Bó, Rosmuc agus a chapall, Inver Rebel, ag Seó Chapaillíní Chonamara sa gClochán i 1960. I Meiriceá a rugadh Máirtín agus tháinig a mhuintir go Snámh Bó agus gan é ach sé seachtainí d'aois. Chaith sé a shaol ag plé le capaill agus ag bádóireacht. Bhí a mhac Beartlín, thíos, ag plé le capaill nó go dtug sé a aghaidh go Sasana sna 70aidí agus tá a gharchlann anois ar an obair chéanna. Bhí an stail "Glencarraig Sparrow" ag an seó san RDS i mbliana áit a bhfuair siad an 4ú áit.



deireadh mí Meán Fómhair. Ní raibh sé ach trí bliana déag d'aois nuair a chuaigh sé chuig an chéad seó riamh. Chúig bhliana fichead ó shin, ar an Domhnach deiridh de mhí

Lúnasa 1980, shiúil sé féin agus a dheartháir Micheál go hUachtar Ard ag an seó. Tá sé ag freastal orthu go rialta ó shin. I mbliana réitigh sé an láir "Glencarrig Róisín" le haghaidh na seónna. Tá duais tugtha aici as ocht seó i mbliana, Co. Uíbh Fhailí agus Baile Átha Cliath ina measc.

Tá sé le rá ag Máirtín anois go bhfuil a bhrionglóid tagtha fíor, is é sin ribín a thabhairt ón RDS i mBaile Átha Cliath agus as Páirc an Chlocháin, tá sé sin déanta aige i mbliana.

Is iad Capaillíní Chonamara is ansa le Máirtín Ó Neachtain as Gort Mór, go mba fada buan é féin agus na capaill.

Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh - An Choláiste Tin

Tá an Choláiste Tin nó Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh tógtha as an nua i mbliana agus tá Pléaráca an-sásta gur inti a bheas Oscailt Oifigiúil Phléaráca Chonamara 2005. Cuireann Meta Uí Mháille síos ar stair an Choláiste.



Thugtaí an Choláiste Tin uirthi mar gur as adhmaid agus as tin a bhí sí déanta ar fad. Ba áis antábhachtach sa bpobal a bhí inti i rith na mblianta. Ba as Tí Mháirtín Mhóir a tháinig an t-ábhar. Déanadh saor í a deirtear ach má déanadh féin is iomaí punt a chuir sí i bpócaí daoine. Is i gcomhar cúrsaí Gaeilge a tógadh í ar dtús. Chaith tionscal cniotála tamall inti a thug obair do go leor mná agus do chailíní óga an phobail.

Bhí an Club Dornálaíochta ann ar feadh i bhfad agus an Naíonra ó bunaíodh é. Bhainfeadh na coláistí Gaeilge úsáid as an gColáiste Tin nó gur leagadh í agus thosaigh obair ar an Ionad nua "Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh".

Bhí baint mhór ag Colm Ó Gaora, ag an Ath. Kenney -Sagart Pobail Ros Muc ag an am, Pat Chon Ó Nia agus ag Michael a'Mháille chomh maith le daoine eile lena tógáil. Bhí sé mar

riachtanas ag ábhar múinteoirí scoile ag an am go gcaithfeadh siad trí mhí an t-samhraidh ar chúrsa Gaeilge agus ag fanacht ar lóistín i dtithe sa bpobal.

Oscailíodh Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh i 1933 agus mhair sí mar Choláiste Gaeilge go dtí 1937. Cuireadh deireadh ag an tráth sin leis an riachtanas ó thaobh an chúrsa Gaeilge de agus ní raibh an t-éileamh céanna ar na cúrsaí ansin. Le linn an ama sin bhí seasamh beo bríomhar ag an bpobal. Bhí aitheantas ag Ros Muc ó thaobh na teanga, agus tharraing sin Gaeilgeoirí agus turasoirí chun na h-áite. Bhíodh ranganna ar siúl i rith an lae agus siamsíocht san oíche. Ní bheadh a leithéid de chaighdeán ná de sheirbhís in óstán 5 réalt inniu. Bhíodh éadaí bána línéadach ar na boird, iad fillte agus iarnáilte agus soithigh geala china leagtha orthu, ceapairí, sconaí, cácaí milse agus neart tae

le fáil. Bhí an chócaireacht agus an obair seo ar fad déanta go h-an proifisiúnta faoi stiúir bhean áitiúil agus chuirtear chuile chóir ar a raibh i láthair.

Bhíodh muintir na h-áite ag tarraingt ar na damhsaí sa gColáiste Tin freisin. Bhíodh orthusan íoc isteach ag an gcéilí, ligte na scoláirí Gaeilge isteach in aisce. Cheap an dream áitiúil nach raibh sé seo féarailte agus chuaigh siad ar stailc. D'eagraigh siad féin céilí taobh amuigh ar an mbóthar, fuair siad fear le ceol a chasadh, sin é an áit a mbíodh an ropadh ceoil agus damhsa.

Tá spás agus deiseanna breátha sa bhfoirgneamh nua agus beidh an oiread céanna agus i bhfad níos mó ar siúl inti. Ní Coláiste Tin í níos mó, meastú cén t-achar a thógfaidh sé go rachfaidh daoine i gcleachtadh Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh a thabhairt uirthi in ionad an Choláiste Tin.

Na Niseacha ar ais

Ní chuireann tada le féile nó le hócáid d'aon chineál ar nós cairde nó gaolta a bheith ag teacht ó i bhfad ó bhaile. Is comhartha measa acu siúd é ar a bhfuil ag tarlú agus ardaíonn sé croí agus meanman an dream ag baile a gcuid seanchairde a fheiceáil arís.

Sin é an chaoi a bhfuil sé anois ag Pléaráca agus iad ag fáiltiú ar ais arís roimh mhuintir Nis nó mhuintir Leodhais chuig an bhféile seo. Tháinig siad ar dtús i 1999 agus bhlaiss muid an Guga leo (gainéid óga a itheann siad mar bhéile traidisiúnta) ag oíche bhreá cheoil thiar Tigh Antaine Lee. Bhíodar linn i 2003 agus ghlacadar páirt fhothmhar in imeachtaí na féile sin. Thug grúpa ó Phléaráca cuairt anonn i 2000 chuig an bhféile mhór "Ceilidh san IarThuath" agus i 2004 thug Pléaráca aonduine dhéag duine óg as Conamara anonn chun freastal ar Champa Samhraidh Ceoil agus ar imeachtaí na féile, Ceol Nis. Ar ndóigh is iad Iomairt Cholmcille is mó atá ag déanamh maoiniú ar na cuairteanna seo idir Alba agus Éirinn agus tá creidiúint ag dul dóibh as an obair atá á dheánadh acu le roinnt blianta anuas chun an ceangal seo a neartú.

Níl dabht ar bith ach go dtógann sé cúpla cuairt le go

gcuirfidh daoine aithne cheart ar a chéile agus sin é an chaoi a mbrathann muintir an Phléaráca agus pobal Nis faoina chéile anois, is seanchairde muid agus nuair a chastar ar a chéile muid, bítear ag fiafrú cén chaoi bhfuil sé seo nó siúd faoin dream atá fanta ag baile.

Ar ais linn i mbliana beidh Domhnaill MacCoinnich as Eorapie, baile beag i dtuaisceart Leodhais. Sé Oileán Leodhais an t-oileán is faide ó thuaidh de na Outer Hebrides agus tá Nis suite ar an gcuid is faide ó thuaidh den oileán. Is focal Lochlannach é Eorapie agus bhíodh ceangal láidir mara fadó idir Críoch Lochlann agus Na Outer Hebrides. Casann Domhnall ar an míleoidéan, maraon le triúr eile a bheas ag teacht, sin iad Alasdair "Tida" Caimbeul, Murchadh Iain MacCoinnich agus Coinneach D Mac Ghill'eathain. Chomh maith le casadh ar an míleoidéan, is amhránaí sean-nóis é Murchadh Iain, tá duaiseanna buaite aige ag an Mod, is é an Mod comhionann féile an Oireachtais anseo in Éirinn. Sé an tslí-bheatha atá ag Murchadh Iain ná ag tiomáint agus ag riaradh na Leabharlainne Taistil ar fud Oileáin Hebrides. Mar sin tá aithne mhaith aige ar a cheantar féin agus bíonn deis aige casadh leis an bpobal an t-am ar fad.

Amhránaí sean-nóis fresin í Mairi Nic A'Gobhainn agus neart

cuairteanna tugtha aici ar an tír seo. Tá an-aitheantas bainte amach aici anseo chomh maith le hAlbain. Ní fhéadfadh grúpa ceoltóirí teacht as Albain gan píobairí bheith leo agus sin iad Domhnaill MacFhionnlaoich agus Shona Nic A'Mhaolain. Níl Shona ach cúig bhliain déag agus casann sí ar an bhfidil freisin. Tá súil agam go bhfuil an cloigeann atá ar Choláiste an Phiarsaigh i bhfostú go maith mar go mbeidh an phíb mhór le cloisteáil inti minic go maith i rith an Phléaráca. Beidh Domhnaill "Loudie" MacLeoid ag teacht ar ais freisin. Fear grinn é seo chomh maith le bheith ina fhidléir paiteanta. Bíonn an-tóir air sa mbaile i Nis le bheith ina Fhear an Tí mar gheall ar an méid sin scéalta grinn a insíonn sé. Beidh Alasdair Caimbeul eile leo - scribhneoir, file agus drámadóir é seo agus beidh sé ag glacadh páirte i dTráthnóna Litríochta na féile. Beidh Jayne Nic Leoid, an damhsóir leo freisin. Is damhsóir traidisiúnta den scoth í seo i stíl na hAlbain ach tá sí in ann stíl na tíre seo a thabhairt léi freisin. Bíonn sí ag múineadh damhsa do na daoine óga i Nis agus tá éacht déanta aici mar bhí an damhsa beagnach imithe go hiomlán as an gceantar.

Beidh Fiona Nic Ghille Mhoire agus Catriona M. NicChoinnich ag teacht leis an ngrúpa. Tá an bheirt seo ag obair le Taigh



Murchadh Iain agus Éibhlín Ní Mhaille ag suíomh Challanais ar oileán Leodhais.

Dhonnchaidh, an teach ceoil i Nis, as a n-eagraítear an fhéile agus na himeachtaí cultúrtha eile.

Beidh na hAlbanaigh linn ón gcéad Aoine den fhéile go dtí an oíche Luan dár gcionn. Beidh siad ag fanacht i Ros Muc mar gheall gur anseo a bheidh go leor de na himeachtaí ar bun le linn an chéad deireadh seachtaine den fhéile. Tá oíche Airneáin "Cuairt Choilm ar Bhriocán" á eagrú go speisialta dóibh ar an Aoine san Ionad Fiontair. Beidh an dream óga as Conamara, idir ceoltóirí, damhsóirí agus amhránaithe a thug cuairt ar Nis i 2004 ann agus beidh fáilte roimh chuile dhuine eile ar mian leo bualadh isteach chuig an ócáid. Sí Nan Tom Taimín a

bheidh mar Bhean a'Tí. Beidh na hAlbanaigh ag freastal ar imeachtaí an Phléaráca. Ar an oíche Luan, beidh seisiún dá eagrú dóibh i dTír na nÓg in Indreabhán. Arís ba cheart go mbeadh ard oíche anseo agus fáilte roimh an phobal ar fad. Sí Áine Ní Dhroighneáin a bheas mar Bhean a'Tí anseo. Ar aerphort na Gaillimhe a thabharfaidh siad aghaidh as seo mar go mbeidh siad ag eitilt amach go luath maidin Dé Máirt tar éis dóibh an-time a bheith acu ag an bPléaráca (tá súil againn!)

Ba mhaith le Pléaráca buíochas a ghlacadh le Iomairt Cholmcille as ucht an maoiniú a chuir ar fáil don chuairt seo ó na Niseacha chuig Féile Phléaráca 2005.

“ Ba mhaith le Pléaráca buíochas a ghlacadh le Iomairt Cholmcille as ucht an maoiniú a chuir ar fáil don chuairt seo ó na Niseacha chuig Féile Phléaráca 2005 ”

Gorbachev na Gaeltachta

Ar na mallaibh, labhair Pádraig Ó hAoláin lena chomh Thiobraid Árannach, Donncha Ó hÉallaithe. San agallamh tráchtann an Príomhfheidhmeannach nua ar Údarás na Gaeltachta, ar na hathruithe atá ar bun san eagraíocht fhorbartha agus admhaíonn sé nach rabhthas sách cúramach san am a caitheadh ó thaobh na Gaeilge de agus fostaíocht á cruthú sa Ghaeltacht. Leagann sé amach an cur chuige a bheidh aige féin i mbun na heagraíochta agus an dóchas atá aige gur féidir an taoille a chasadh arís. Déanadh eagarthóireacht ar an agallamh lena ghiorrú.



Donncha Ó hÉallaithe: Tá tú píosa maith i gConamara anois, céard a thug anseo tú an chéad lá?

Pádraig Ó hAoláin: Tá sé casta ar bhealach amháin agus sách simplí ar bhealach eile. Bhí mé tar éis roinnt blianta a chaitheamh i Sasana i ndeireadh na seascaidí agus chuir mé aithne ar go leor daoine as Conamara thall ansin.

Cé go raibh suim agam sa nGaeilge roimhe sin, níor casadh cainteoirí dúchais orm ina mbuíonta nó ina ngrúpaí agus caithfidh mé a rá gur tháinig sé aniar aduaidh orm daoine a chloisteáil ag caint Gaeilge, sa gcomhthéacs áirithe sin i Sasana agus iad i mbun a gcuid oibre. Bhí mé ag obair ar an mbuildeáil, ag an am, ag saothrú airgid, ag iarraidh mo chéim san ollscoil a chríochnú. Dúisíodh mo shuim sa nGaeilge ar bhealach beo nár


tharla roimhe sin. Ansin phós mé i Sasana agus bhí suim ag mo bhean chéile sa nGaeilge chomh maith agus thosaigh muid ag caint ansin dá mbeadh gasúir againn go dtógfadh muid le Gaeilge iad agus le scéal gearr a dhéanamh de, tháinig muid ar ais go Baile Átha Cliath.

Bhí mé ag múineadh i gColáiste Belvedere ar feadh trí nó ceathair de bhlianta. Ag an am céanna bhí ár n-intinn déanta suas againne féachaint le theacht go dtí an Ghaeltacht leis na gasúir a thógáil le Gaeilge. Chuir mé isteach ar riar postanna i nGaillimh, níorbh fhéidir ceann ar bith a fháil. D'fhógair Gael Linn post lánaimseartha do mhúinteoir Gaeilge le haghaidh dianchúrsa nua a bhí forbartha acu do dhaoine fásta.

An mhaidin chéanna a thosaigh mé le Gael Linn, tháinig litir ó

Phríomhfheidhmeannach Ghaeltarra Éireann, Cathal Mac Gabhann ag iarraidh orthu comhairleoir teanga a chur ar fáil don Ard Oifig sna Forbacha. Bhí cinneadh déanta ag an bpríomhfheidhmeannach go gcaitheadh chuile dhuine Gaeilge a fhoghlaim. Bhí sé ag iarraidh duine le ranganna Gaeilge a chur ar fáil istigh san oifig agus sna monarchana agus chun comhairle a chur orthu faoi chúrsaí aistriúcháin. Bhí go leor de na bundoiciméidí Boird i mBéarla, theastaigh uaidh é sin a athrú.

Tairgeadh an post domsa. Ghlac mé leis agus trí lá ina dhiaidh sin bhí muid ar an mbealach sa Volkswagen Beetle go Conamara ag iarraidh teach lóistín a fháil. Chuaigh muid caol díreach siar go Ros Muc agus chuartaigh muid timpeall an cheantair sin agus chinn orainn teach a fháil. D'oibrigh muid as



sin aniar. Trí nó cheithre lá ina dhiaidh sin fuair muid teach i gCladhnach, siar beagáinín ó cheanncheathrú RnaG agus is ann a chaith muid an chéad trí bliana i gConamara. Caithfidh mé a rá gur ann a d'fhág mé coirnéilín beag de mo chroí, bhí muintir Chladhnaigh an-deas, an-lách, chuireadar an-fháilte romhainn agus ar ndóigh is Gaeilge a labhair chuile dhuine beo sa gceantar an uair sin, an chuid is mó acu i gcónaí. Gaeilge amháin a bhí sa siopa, Tigh Mhicil Faherty, agus chabhraigh sé sin go mór linn. Is i Ros a Mhíl a thosaigh Fionnuala, an cailín is sine againn ag dul ag an scoil.

D. Ó hÉ: Nuair a théimse abhaile go Tiobraid Árann agus nuair a chastar gaolta liom a d'fhás aníos leat, ní bhíonn siad ag cur ceiste orm faoi Phádraig ó hAoláin ach ag iarraidh a fháil amach cén chaoi bhfuil Paddy Hyland ag déanamh i gConamara. Inis dom faoi Phaddy Hyland?

P. Ó hA: Sea, Paddy Hyland atá orm i gCloch Siúrdáin, ar theorann Ua Fáile. Kilruane Mc Donaghs atá ar an bhfoireann áitiúil iománaíochta. D'imir mé leo ag aoiseanna éagsúla. Tá beirt deartháir agus deirfiúr liom thíos ansin i gcónaí agus colceatharacha. An chéad deich mbliana a chaith mé i gConamara, th'éis go raibh mé ag imirt leis an Spidéal, bhínn thíos ag mórán chuile chluiche a d'imir Kilruane Mc Donaghs. Tá teagmháil láidir agam leis an mbaile i

“...fuair muid teach i gCladhnach, siar beagáinín ó cheanncheathrú RnaG agus is ann a chaith muid an chéad trí bliana i gConamara. Caithfidh mé a rá gur ann a d'fhág mé coirnéilín beag de mo chroí...”


gcónaí agus teagmháil réasúnta maith leis na daoine a bhí ar scoil liom. Tá cuid mhaith acu thart i gcónaí, ina measc mo iarmhúinteoir scoile féin, Roche Williams, is Gaeilge a labhair sé liom i gcónaí. Baile áithrid é Cloch Siúrdáin ó thaobh an phobail de mar tá chúig eaglais nó chúig chreideamh difriúil ann, rud atá

neamhchoitianta. Plandáileadh é i rith réimeas na Banríona Eilís, baile Cromallach a deirtear a bhí ann i ndáiríre agus tá a rian sin ar go leor de ghnéithe de shaol an bhaile.

D. Ó hÉ: Is tú a chum amhrán aitheantais Chonamara – Cóilín Phádraig Shéamuis – amhrán a bhíonn á chanadh chuile áit a mbíonn muintir Chonamara bailithe le chéile. Céard a spreag tú chun an t-amhrán sin a chumadh?

P. Ó hA: An méid a chonaic mé thall – muintir Chonamara ag obair leo ar an mbuildeáil agus sna tolláin agus an pátrún leanúnach imirce.

Sna chéad bhlianta a raibh mise i gConamara, bhí daoine fós ag imeacht ar imirce suas go dtí lár na seachtóidí, as sin a tháinig an inspioráid don amhrán. Rith sé liom go raibh sé sa



gcinniúint ag muintir Chonamara, go gcaithidís imeacht, go raibh an bád bán ag fanacht leo ón lá a rugadh iad agus go raibh ar chuile Chóilín Phádraig Shéamuis imeacht agus na rudaí a raibh cleachtadh acu orthu, rudaí a bhí sa nádúr acu, idir an teanga, an fharraige, an portach agus saol dúchais na Gaeltachta a thréigean. B'as sin a tháinig sin.

D. Ó hÉ: Amhrán eile leat a chloistear go minic “Cumha” – shílfeá go raibh sé sin ag cur síos ar an gcineál fostaíochta a bhí curtha ar fáil ag an Údarás sna monarchana móra?

P. Ó hA: Ar bhealach is cineál tréigean an dúchais an téama atá ag an amhrán sin chomh maith. Ag tús ré na tionsclaíochta sa nGaeltacht ba rud coitianta monarcha a bhíodh ag fostú idir 100-200 duine. Tharla go raibh mé lá i monarcha áirithe. Bhí idir 150-200 ag obair ann, ag bínís ar fud na háite gan caint ar bith ar siúl.

Rud é a bhuail faoin gcroí mé, nach raibh mórán sásamh le fáil

san obair acu i gcomparáid leis an sásamh a gheobhadh go leor díobh roimhe sin amuigh ar an bhfarraige, nó ar an bportach – athrú saoil iomlán a bhí ann. Rith sé liom an lá sin go raibh an dúchas á thréigean nó dhá bhá ar mhaithe leis an tairbhe nua sin a bhí tagtha chun cinn.

D. Ó hÉ: Tháinig tú go Conamara i 1970 ag obair le Gaeltarra. Ar cheap tú an uair sin i 1970 agus tú tagtha ag múineadh Gaeilge san Ardoifig, go dtiocfadh an lá gur tú féin a bheadh i gceannas ar obair an tí seo?

P. Ó hA: Níor cheap ariamh. Níor tháinig an smaoineamh sin isteach i mo chloigeann ariamh. Bhain mé an-sásamh i gcónaí as an obair. Bhíodh go leor teagmhála ag na monarchana agus na pobail lena chéile an uair sin. Bhíodh comórtais idir-mhionarchana i gceist, mar shampla – scéim iontach a thug na foirne as na tionscail éagsúla le chéile.

Tamall ina dhiaidh sin, tosaíodh an comórtas forbartha pobail – agus sin dhá rud a

chuaigh i bhfeidhm go mór ar phobal na Gaeltachta. Bhí go leor rudaí ag tarlú comhthreomhar lena chéile a chothaigh ceangal idir na ceantair éagsúla Gaeltachta. Bhí coistí an-ghníomhach. Ní cuimhneach liom cloisteáil ariamh go raibh deacrachtaí ag coistí teacht ar dhaoine le dul ag obair go deonach. Is cuimhneach liom dul ag cruinnithe coistí agus pobail ar fud na Gaeltachta agus an líon mór daoine a bhíodh sna hallaí, bhíodh sé do-chreidte.

D. Ó hÉ: Ach bhí drochchaoi ar an áit, easpa áiseanna agus easpa mhór seirbhísí. Ní raibh uisce i mórán tithe ag an am.

P. Ó hA: Ní raibh uisce reatha sna tithe, bhí na bóithre go dona, bhí na ceangail teileafóin go dona – tá taifid istigh anseo san Ardoifig fós ar na deacrachtaí a bhí ag comhlachtaí suas go dtí deireadh na seachtóidí le teagmháil a dhéanamh lena lucht margaíochta agus custaiméirí thar lear agus an t-achar ama a thógfadh sé scéala a fháil ar ais uathu. Bhí easpa

infheistíochta san infrastruchtúr agus sna seirbhísí sna ceantair Ghaeltachta, a d'fhág go raibh siad chun deireadh le hais áiteacha eile i réimse leathan seirbhísí. Bhí sé sin an-suntasach.

D. Ó hÉ: In ainneoin na lincisí a bhí ann, d'éirigh le Gaeltarra go leor a dhéanamh, ó thaobh cruthú fostaíochta agus mar sin de?

P.Ó hA: D'éirigh. Caithfidh mé rá an chinnireacht a tugadh ó thaobh fhorbairt na tionsclaíochta ag an am, bhí fíis ag baint leis agus bhí sé thar a bheith dúshlánach, ag cur san áireamh na lincisí uilig a bhí ina n-aghaidh. Is iomaí áit ar tógadh an monarcha ar dtús agus an bóthar isteach chuige ina dhiaidh sin. Tógadh na heastáit, tógadh monarchana nach raibh tograí ná tionscail ann dóibh agus cuireadh daoine amach ag tóraíocht tionscail lena n-aghaidh. Cuid mhaith de na cinn a tháinig isteach, níor mhair siad i bhfad ach b'shin é an nádúr a bhain leis an gcéad ré. Theip ar chuid mhaith acu, d'éirigh le cuid acu, ach leagadh an dúshraith.

D. Ó hÉ: Anois agus infrastruchtúr i bhfad níos fearr sa nGaeltacht, tá an chosúlacht air go bhfuil sé i bhfad níos deacra postanna a mhealladh?

P.Ó hA: Tá. Tá an tír athraithe uilig le deich mbliana anuas. Ag féachaint siar ar thuarascáil bhliantúil an Údaráis 1995/96, ba léir dúinn go raibh an t-athrú ag teacht. Bhí lagú ag teacht ar an déantúsaíocht ar fud an domhain. Sin an uair a rinneadh cinneadh féachaint le tosú oifigí a thógáil seachas monarchana mar a bhíodh á dhéanamh roimhe sin, mar go gcaitheadh muid ár sciar féin den obair nua-aimseartha, an obair oifige, más mian leat a

fháil.

Ní féidir a bheith ag súil le haon infheistíocht eile déantúsaíochta ach ar scála an-bheag. Chomh maith leis sin tá mianta fostaíochta níos airde ag daoine anois.

D. Ó hÉ: Is léir go bhfuil an-chuid fostaíochta curtha ar bun ag Gaeltarra agus ag an Údarás le 30 bliain anois ach gur ceann

“ Creidim féin go láidir...gur sabhailte i bhfad é don Ghaeltacht ó thaobh fostaíochta de, ó thaobh buanadas de agus ó thaobh teanga de, díriú ar na tionscail bheaga ”

de na tionchair a bhí ar cruthú fostaíochta gur lagaíodh an teanga mar theanga pobail sna ceantair Ghaeltachta ar nós Chonamara Theas.

P.Ó hA: Tá an argóint sin ann. Is dóigh go bhféadfai a rá nach rabhthas sách cúramach, sách goilliúnach faoin tionchar a bhí aige sin ar iompar teanga. Níl amhras ar bith ach gur thiomáin an riachtanas fostaíochta caiteachas agus fealsúnacht na heagraíochta cuid mhór.

Creidim féin go láidir agus tá sé curtha romham agam sna spriocanna atá leagtha amach agam don tréimhse seo romhainn gur sabhailte i bhfad é don Ghaeltacht ó thaobh fostaíochta de, ó thaobh buanadas de agus ó thaobh teanga de, díriú ar na

tionscail bheaga agus ar acmhainní dúchasacha na Gaeltachta. Tá sé curtha romhainn againn féachaint le céatadán de na mionthionscail a fhostaíonn idir duine agus deichniúir a mhéadú suas go 60% den fhostaíocht iomlán sna cúig bhliana seo romhainn. Bheadh sé deacair dul mórán níos airde ná sin – agus fágann sé sin go mbeidh muid ag brath cuid mhór ar dhaoine áitiúla leis an bhfhostaíocht sin a chruthú agus is dúshlán an-mhór é sin ann féin.

D. Ó hÉ: Tá éagothromaíocht an-mhór ann faoin áit a bhfuil postanna cruthaithe agus infheistíocht déanta. Tá sé chomh maith duit a rá go bhfuil lán-fhostaíocht i gCois Fharraige ach tá ceantair eile ann ar nós Ceantar na nOileán, Ros Muc, Iorras Aithneach agus tá an chuma ar an scéal nach bhfuil mórán postanna cruthaithe iontu, go bhfuil líon na ndaltaí sna scoileanna ag titim chuile bhliain agus go mb'fhéidir nach bhfuil na pobail sin inmharthanach. Ag an am céanna, siad na pobail is láidre iad ó thaobh úsáid na Gaeilge de.

P.Ó hA: Tá sin fíor agus sin ceann de na fáthanna a bhfuil sé curtha romhainn againn sna chúig bhliana seo romhainn, go bhfuil sé mar sprioc againn tosaíocht a thabhairt do na ceantair sin – agus tabharfar tús áite dóibh. Sa mbeartas forbartha a chuir mé os comhair an bhoird, ag an gcéad chruinniú den bhord nua an 29ú Aibreán na bliana seo, tá sé ráite go neamhbhalbh agus glactha ag an mBord leis go ndéanfar idirdhealú idir na hacmhainní forbartha a chuirfear ar fáil do na ceantair tearcfhorbartha, na ceantair atá scoite amach, agus na ceantair láidre. Bainfear acmhainní ó

áiteanna eile le gur féidir linn é a dhéanamh, mar níl aon bhealach eile len é a dhéanamh.

D. Ó hÉ: Ach nach dtagann sé anuas go dtí seo: níl sibhse chun na postanna a chruthú sibh féin. Tá sibh ag brath cuid mhaith ar dhaoine eile leis na postanna a chruthú agus ag deireadh thiar thall, is iad na daoine sin a roghnóidh cén áit a bheidh na postanna á gcruithú. Tá gach seans ann go mbeidh siad ag iarraidh bheith gar do chathair na Gaillimhe ar chúiseanna an-mhaith. Ach ar féidir libhse deontas níos airde a thabhairt do dhuine a lonnóidh tionscail i Ros Muc seachas, mar shampla, é a lonnú sa Spidéal nó an bhfuil bhor lámha ceangailte?

P.Ó hA: Ní féidir! Seo ceann de na fadhbanna a bhaineann le treoirilinte cúnamh an Aontais Eorpaigh. Is mar a chéile na deontais atá ar fáil i chuile áit ar fud reigiún an BMW.

D'fhéadfadh duine an deontas céanna a fháil i nDún Dealgan, i mBaile Shligigh, imeall Áth Luain, i mBaile an Chábháin is a gheobhadh sé thiar i Ros Muc. Táimid ag troid ina choinne sin le blianta, ach leis an leagan amach atá ar chúrsaí i láthair na huaire, ní féidir é a dhéanamh – an t-aon áit ar féidir linn rud breise a thairiscint do dhaoine ná an leagan amach atá ar chíosanna sna monarchana. Is féidir linn buntáiste a thabhairt do na ceantair 'laga' ar an mbealach sin. Tá sé sin taobh istigh d'ár smacht féin. Is féidir linn socruithe ar leith a dhéanamh maidir le cíos monarchan agus spás oibre sna ceantair sin. Tá rudaí eile ar féidir linn a dhéanamh ó thaobh tacaíochta breise do chomhlachtaí – ach ó thaobh leibhéil deontais ní féidir linn é a dhéanamh mar tá riail docht daingean ó thaobh an

Aontais Eorpaigh a leagann síos nach féidir é a dhéanamh. Creidim, áfach, gur féidir linn a bheith seiftiúil, solúbtha maidir le cur i bhfeidhm na rialacha sin sna ceantair atá scoite amach.

D. Ó hÉ: Ceann de na lochtanna a

“ D'fhéadfadh duine an deontas céanna a fháil i nDún Dealgan, i mBaile Shligigh, imeall Áth Luain, i mBaile an Chábháin is a gheobhadh sé thiar i Ros Muc. Táimid ag troid ina choinne sin le blianta, ach leis an leagan amach atá ar chúrsaí i láthair na huaire, ní féidir é a dhéanamh ”

bhíodh á fháil ag daoine ar cur chuige an rialtais maidir leis an nGaeltacht ná go raibh an iomarca eagraíochtaí ag plé leis an nGaeltacht. Nuair a tháinig Údarás na Gaeltachta ar an bhfód ceapadh go mbeadh cúraim cuid de na heagraíochtaí sin curtha ar an Údarás. Ní mar sin a tharla?

P.Ó hA: Is ceist í sin atá á plé agam leis an Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe & Gaeltachta,

Éamon Ó Cuív le bliain nó dhó anuas. Tá sé féin ag féachaint go grinn ar an gceist seo faoi láthair. Ag leibhéal amháin tá an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe & Gaeltachta agus tá Údarás na Gaeltachta, tá go leor ama caite againn le trí mhí anois ag plé leis an Roinn faoin gcur chuige aontaithe gur gá dúinn a bheith againn mar Roinn Stát agus mar eagrais stát.

Ag an gcéad leibhéal eile ansin, tá Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus líon mór comhlachtaí páirtnéireachta ag feidhmiú ar fud na Gaeltachta atá maoinithe ag ADM. Tá plé ar siúl faoi láthair faoi comhordú a dhéanamh orthu sin sa gcaoi gur faoi bhrat MFG go ginearálta a bheadh na páirtnéireachtaí.

D'fhágadh sé sin ar bhealach an Roinn, an tÚdarás agus MFG mar scátheagraíocht do na heagraíochtaí eile go léir. Nuair a théann tú síos go dtí an chéad leibhéal eile, tá go leor leor eagraíochtaí pobail, comharchumainn cuid acu, grúpaí áitiúla, eagraíochtaí áitiúla deonacha, eagraíochtaí ealaíona, tá timpeall is ceathracha díobh seo ann.

Feicfear domsa go mbeadh toradh agus tairbhe i bhfad níos fearr as an gcaiteachas stáit orthu siúd ach spriocanna soiléire comónta a bheith acu a bhaineadh le cúrsaí teangan, cúrsaí forbartha pobail, agus na cúrsaí saineiúla eile sin atá faoina gcúram féin. Más grúpa ealaíona iad, bíodh a gcuid spriocanna féin acu ach na mór-spriocanna a bheith aontaithe ag an Údarás agus an Roinn leosan.

Ceann de na rudaí atá i gceist againn a dhéanamh agus tá an phróiseas tosaithe, ná spriocanna sonracha fostaíochta, soláthar seirbhísí, forbairt pobail agus teanga a leagann amach dóibh sin

ar lean

sa gcaoi is gur féidir linn athbheithniú bliantúil a dhéanamh orthu sin agus tacaíocht dá réir chun iad sin a chuir i bhfeidhm – agus lena chois sin, caithfidh siad a ‘speaint go bhfuil tacaíocht an phobail acu agus go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhealach a fhágann’s go bhfuil a fhios ag an bpobal céard tá ar siúl acu. Feicfear domsa, ach atheagar a chur ar an gcaoi a bhfuil muid á láimhséail sin, go bhféadfadh muid toradh i bhfad níos fearr a bhaint amach ó thaobh fostaíochta, ó thaobh seirbhísí don phobal agus go háirithe ó thaobh na teanga. Beidh muid ag súil go mbainfear amach torthaí áirithe agus go mbeidh sé sin chomh maith ag teacht leis an mbeartas forbartha atá leagtha amach ag an Údarás féin – go mbeidh siad sin ag feidhmiú ar son sinne ag an leibhéal áitiúil agus ó thaobh cothú a dhéanamh ar an ionannas Gaeltachta seo. Ba bhreá liom dá bhféadfadh muid teacht go dtí an staid nuair a d’aithneodh daoine óga Gaeltachta iad féin mar dhaoine Gaeltachta, gur cuid dá n-ionannas é go mbaineann siad

Cóilín Phádraig Shéamais

“Ó saolaíodh thú is mairg a rá,
go raibh an long anonn i ndán duit.
Bhí sé romhat de shíor go mbeifeá lá,
I measc na n-imirceánach.
Níl maireachtáil ag baile dhuit,
Ní thusa féin is cáinte
Ach an dream a d’fhág tú thiar díomhain,
Ag stracadh leis an nganntan.”

[Pádraig Ó hAoláin]

leis an nGaeltacht, go mbeadh siad maiteach as, feictear dom gur féidir linn é sin a bhaint amach an port sin a bheith ag na

“ Beidh béim i bhfad níos mó ar cheist na Gaeilge. Ceapaim go bhfuil uair na cinniúna buailte linn chomh fada agus a bhaineann sé leis an teanga ”

grúpaí áitiúla atá ag plé leis na pobail áitiúla.

D. Ó hÉ: Ó ceapadh tú i do Phríomhfheidhmeannach, is dóigh gur ceann de na rudaí is suntasaí atá le feiceáil ná go bhfuil beartas nua á chur i bhfeidhm agat san Údarás. Feictear dom go bhfuil athrú treo agus fíis difriúil agus i

bhfad níos mó béime ar chúrsaí teangan agus cultúir sa bheartas nua.

P. Ó hA: Ceapaim go bhfuil athruithe móra bunúsacha ann ón gcaoi a raibh muid ag feidhmiú roimhe seo. Beidh béim i bhfad níos mó feasta ar cheist na Gaeilge. Ceapaim go bhfuil uair na cinniúna buailte linn chomh fada agus a bhaineann sé leis an teanga, tá sí ag staid an-leochaileach sna pobail na bhfuil sí fós beo.

Tá ceantair ann nach bhfuil an Ghaeilge mar theanga pobail ar chor ar bith iontu agus is gá dúinn cur chuige difriúil a bheith againn sna ceantair sin. Is athbheochan a bheadh i gceist sna háiteanna sin agus ceapaim roimhe seo go mbíodh leisce orainn a admháil go mbíodh áiteanna ann nach raibh aon Ghaeilge iontu agus muid féin ag feidhmiú iontu – tá sé sin amhlaidh! Sna háiteanna a bhfuil an Ghaeilge beo, is neartú agus treisiú a theastaíonn sna ceantair sin is láidre.

Is dóigh thar rud ar bith eile go ndéarfadh an tÚdarás gurb í an Ghaeilge bun agus barr a cuid

Cumha

“Tá mo chomharsan im thimpeall ina seasamh ag binsí,
Trí chéad agus deichniúr ag saothrú a bpá,
Ag táirgeadh earraí nach fios cé le haghaidh iad,
Iad gualainn ar ghualainn is gan focal á rá.
Tá togha na n-amhrán is togha na scéalta,
Togha na cainte is fíorscoth an cheoil,
Á ligean i ndearmad anseo i measc na n-inneall,
Is ag imeacht nós sneachta gan filleadh go brách.”

[Pádraig Ó hAoláin]

fealsúnachta. Ní bheadh aon ghá le hÚdarás na Gaeltachta mura mbeadh aon Ghaeilge ann. Ní dhéanann sé aon chiall riaracháin, mar shampla, go mbeadh eagraíocht atá lonnaithe sna Forbacha ag plé le cúrsaí forbartha san 13 ceantair sin atá scaipthe ar fud na tíre. Ó thaobh na teanga, déanann sé an-chiall.

Tá sé i gceist againn cur chuige ar bhunús gairmiúil. Tá atheagar á chur againn ar an leagan amach inmheánach agus tá rannóg láidir pleanála le bheith againn, freagrach don Phríomhfheidhmeannach. Sin é an t-inneall a thiomáinfeas na rannóga agus na gníomhaíochtaí eile.

Ó thaobh na teanga de, sílim gur cheart dúinn dul ar ais agus comhpháirtíocht a bhunú leis na pobail, rud a dhéanfar i rith na leathbhliana seo romhainn. Ceapaim go raibh cuid mhór den ghníomhaíocht a bhain le cúrsaí Gaeilge, ní amháin sa nGaeltacht ach taobh amuigh de, ar nós a bheith ag eitilt sa dorchadas. Ceapaim féin go dtabharfaidh sé an-ugach don phobal a bheith in ann a thuairisciú dóibh ó thráth go chéile go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh in áiteanna éagsúla agus an bunús atá leis sin. An bhfuil méadú ag teacht ar an líon daoine ata ag labhairt Gaeilge lena gcuid gasúir féin?

D. Ó hÉ: Is dóigh go bhféadfaí a rá gur tusa Gorbachev na Gaeltachta agus go bhfuil Peristroika tosaithe agat san Údarás. Ghlac Gorbachev ceannas ar Aontas na Sóivéide agus leag sé roimhe an córas shóibhéadach a athrú ó bhun go barr.

Tá an chuma ar an gcaoi a bhfuil tú ag caint go bhfuil tú ag iarraidh an tÚdarás a athrú ó bhun go barr chomh maith. An éireoidh leat?

P. Ó hA: Níl aon amhras orm. Tá mé an-tiomanta den obair seo agus tá mo shaol caite agam ag obair san Údarás agus ag obair sa nGaeltacht.

Creidim gur féidir leis an eagraíocht seo athruithe bunúsacha a chur i bhfeidhm ar an nGaeltacht - eagraíocht ar bith a bhfuil 40 milliún euro in

“ D’athraigh an saol forbartha agus an saol sóisialta go mór le deich mbliana anuas agus ceapaim go bhfuil sé riachtanach go n-athróidh an tÚdarás in oiriúint dhó sin ”

aghaidh na bliana de bhuiséad aige, mura féidir leis athruithe bunúsacha a chur i bhfeidhm ar an bhfód sa limistéar ina bhfuil sé ag feidhmiú is bocht an scéal é. Is iomaí cineál athrú a theastaíonn ach, sílim go bhfuil athrú tagtha sa saol thimpeall orainn chomh maith. D’athraigh an saol forbartha agus an saol sóisialta go mór le deich mbliana anuas agus ceapaim go bhfuil sé riachtanach go n-athróidh an tÚdarás in oiriúint dhó sin.

Tá atheagar áirithe á dhéanamh againn ar na trúpaí faoi láthair, atheagar inmheánach á dhéanamh ar na rannóga, le gur féidir linn an t-athrú a chur i bhfeidhm agus tabhairt faoi na

spriocanna ar bhealach difriúil seachas mar a rinne muid go dtí seo. Dá leanfadh muid ar aghaidh sna múnlaí céanna foirne, is ar éigean a bhainfeadh muid amach iad.

Creidim gur féidir sciar áirithe den talamh atá caillte a athghabháil. Creidim gur féidir tús a chur le hathbheochan na teangan i gceantair a bhíodh ina gceantair Gaeltachta roimhe seo agus go bhfuil an toil ann. Tá gá le cur chuige gairmiúil comhtháite. Tá sé i gceist againn 30 ionad buanaithe agus sealbhaithe teanga a fhorbairt ar fud na Gaeltachta. Tá fúinn pleanálaí gairmiúil teanga a fhostú agus tá fúinn pleananna teanga agus forbartha pobail a aontú leis na pobail áitiúla. Airím é ag dul thart ag casadh le grúpaí agus le daoine agus le pobail sna ceantair éagsúla le blianta beaga anuas, b’fhéidir níos mó ná aon rud eile mar tá an díospóireacht faoi chúrsaí teangan cothaithe ag rudaí éagsúla. Chabhraigh na conspóidí faoi chúrsaí pleanála. Chothaigh sé sin díospóireacht faoin nGaeilge, ba rud an-tairbheach é sin.

Bheinnse an-sásta dá bhfeicfinn ag deireadh na tréimhse seo, go bhfuil ag éirí leis na seifteanna leis an teanga a neartú sna háiteanna a bhfuil sí láidir faoi láthair agus go n-aireoidh na pobail sin go bhfuil siad á gcothú. Is gá dúinn ansin aghaidh a thabhairt ar an bpobal eile sin atá ina thromlach sa nGaeltacht faoi láthair – nach labhraíonn an Ghaeilge ó lá go lá. Tá spriocanna dúshlánacha leagtha amach againn. Is duine mise atá dóchasach ó nádúr. Creidim go láidir sa bhfealsúnacht seo agus creidim gur féidir an taoille a chasadh!

Ó thús na Bealtaine seo caite tá athruithe fógraithe ag an Roinn Oideachais maidir le seirbhísí oideachais speisialta sna bunscoileanna. Anseo déanann **Mairéad Ní Chualáin**, oide scoile i Scoil an Droma, Leitir Móir, cur síos ar na hathruithe atá tarlaithe agus an imní mhór ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí i gCeantar na nOileán

Ciorraithe in Oideachas Speisialta

Tá forbairt agus athruithe shonracha tarlaithe i gcúrsaí oideachais in Éirinn ó thosaigh mise ag múineadh i dtús na n-ochtóidí. Ag an am sin is beag cúnamh breise a bhí páistí a raibh deacrachtaí foghlama acu a fháil. Ní raibh ach líon beag múinteoirí feabhais sa tír agus bhí a bhformhór sin ag obair i scoileanna móra cathrach.

Cuireadh leis an tseirbhís feabhais de réir a chéile i rith na n-ochtóidí. Foilsíodh treoirlínte don Oideachas Feabhais sa mbliain 1988. Fostaíodh níos mó múinteoirí feabhais i gceantair tuaithe ag obair i gcnuasach scoileanna. I rith na n-ochtóidí freisin, thosaigh "Muintearas, An Togra Oideachais Gaeltachta" ag forbairt múnla oideachais feabhais a bheadh feiliúnach do cheantair Ghaeltachta. Tharraing Muintearas aird ar na fadhbanna sonracha a bhí ag múinteoirí feabhais i gceantair Ghaeltachta nuair nach raibh aon ábhar teagaisc trí Ghaeilge ar fáil.

Mar thoradh ar an taighde agus an dul chun cinn ar fad

tháinig athrú mór go náisiúnta ar an dearcadh i leith páistí le míchumas agus a raibh deacrachtaí foghlama acu. Glacadh le páistí le mí-chumas isteach sna gnáthranganna le tacaíocht ó mhúinteoir feabhais. Sa mbliain 2000 foilsíodh treoirlínte nua le haghaidh tacaíocht foghlama. De réir na dtreoirlínte nua is í an phríomhaidhm tacaíochta foghlama ná - an leas is fearr is féidir a bhaint as an bpróiseas múinteoireachta chun cabhrú le daltaí a bhfuil fadhbanna acu leibhéil shásúla inniúlachta sa litearthacht agus san uimhríocht a bhaint amach sula bhfágann siad an bhunscoil. Thosaigh mise ag múineadh i scoil dhá oide i gceantar na nOileán i dtús na n-ochtóidí. Ó shin i leith tháinig an-fhorbairt ar an gcóras oideachais feabhais sa gceantar seo. Bhí *múinteoir acmhainní foghlama* ag freastal ar idir seacht scoil ag tacú le páistí a raibh deacrachtaí foghlama ginearálta acu. Ansin thart ar chúig bhliana ó shin fostaíodh *múinteoirí acmhainní* chun freastal ar pháistí a raibh riachtanais speisialta acu ar nós - fadhbanna teanga,

uathachas, ADHD agus rcl.

Bhí uaireanta faoi leith ceadaithe ag an Roinn Oideachais in aghaidh na seachtaine do na páistí seo agus bhraith an méid uaireanta ar an bhfadhb a bhí ag an bpáiste agus ar an tuairisc ón síceolaí nó ón teiripí cainte a bhí seolta ar aghaidh go dtí an Roinn. Idir na seacht scoil i gCeantar na nOileán fostaíodh triúr *múinteoirí acmhainní*. Thóg na *múinteoirí acmhainní* seo cuid den ualach oibre a bhí ar an múinteoir acmhainní foghlama agus cé go raibh an múinteoir seo fós ag freastal ar sheacht scoil bhí am aici díriú isteach ar idirghabháil luath sna naonáin chun fadhbanna a sheachaint níos deireanaí do na páistí. Mar a luaigh mé níos túisce bhí fadhbanna sonracha aitheanta i leith páistí Gaeltachta de bharr easpa ábhair agus acmhainní a bheith curtha ar fáil trí Ghaeilge. D'oibrigh na múinteoirí acmhainní agus an múinteoir tacaíochta foghlama an-chrua chun ábhar a chruthú do na páistí, bhí an-chomhoibriú eatarthu féin agus na síceolaithe agus an teiripí cainte. Mar



Mairéad Ní Chualáin.

thoradh bhí saineolas ar leith ag na múinteoirí seo a bheith ag plé le páistí Gaeltachta agus d'fheil an córas seo do cheantair tuaithe agus do cheantair Gaeltachta.

Thuig muid go raibh athbhreithniú a dhéanamh ag an Roinn Oideachais ar an gcóras seo an bhliain seo caite agus bhí muid ag fanacht le toradh an athbhreithnithe sin.

I mí Bealtaine i mbliana sheol an Roinn amach litreacha chuig na scoileanna ar fad ag míniú an athrú a bhí le theacht ar an gcóras Oideachas Speisialta sa tír. D'fhógair an t-Aire Mary Hanafin go raibh 660 post nua le cruthú sa chóras.

De réir an chórais nua bronnadh uaireanta ar gach scoil

“ Tá deacrachtaí móra againn leis an gcóras nua. Níl sé feiliúnach do cheantar tuaithe, áit a bhfuil uimhreacha íseal sna scoileanna ”

ag brath ar an méid páistí a bhí ar an rolla, ní ar riachtanais na bpáistí. Athraíodh an critéir a bhí i bhfeidhm chun na páistí le deacrachtaí speisialta a aithint. Cuireadh na páistí le deacrachtaí ginearálta foghlama, gasúir le dyslexia, isteach faoi chúram múinteoir tacaíochta foghlama. D'fhág sé seo go raibh laghdú mór tagtha ar an líon páistí a bheadh ag freastal ar mhúinteoirí acmhainní. Mar thoradh ar na hathruithe seo, bhí an-díomá orainne sa ghrúpa seacht scoil anseo go raibh muid ag cailleadh beirt mhúinteoirí sa gceantar. Tá deacrachtaí móra againn leis an gcóras nua. Níl sé feiliúnach do cheantar tuaithe, áit a bhfuil uimhreacha íseal sna scoileanna. Tá post an mhúinteora acmhainní déanta sealadach anois rud a chiallaíonn go mbeidh sé fiordheacair múinteoirí le taithí a fhostú agus a choinneáil. I mo thuairim is céim ar gcúl atá anseo maidir le

hoideachas speisialta.

Tá beirt mhúinteoirí buan sa ngrúpa seo anois agus faoi láthair tá muid ag iarraidh dhá phost páirtaimseartha a líonadh. Tá beirt de na múinteoirí seo a raibh an-saineolas agus an-suim acu a bheith ag obair le páistí a mbíonn deacrachtaí foghlama ag dul dóibh tar éis an ceantar a fhágáil anois. Is buile tromchúiseach é do na páistí a bhí faoina gcúram. Tógann sé píosa fada ar na páistí seo aithne a chur ar mhúinteoir agus muinín a bheith acu astu. Bhí comhoibriú idir na múinteoirí seo agus thuismitheoirí na bpáistí. Ó tharla go bhfuil post múinteoirí acmhainní déanta sealadach anois is iad na páistí is measa sa gcóras a bheas thíos leis mar shampla páistí le huathachas (*autism*) agus páistí a mbíonn deacrachtaí speisialta teanga acu.

Gheall an Roinn i Meitheamh go mbeadh treoirlínte ar fáil chun an córas seo a mhíniú níos fearr ach ní bhfuair muid aon treoirlínte fós agus tá an scoil ar oscailt ar feadh seachtaine anois. Chuir muid i gCeantar na nOileán i gcomhar le Comhairle Ceantar na nOileán agus le thuismitheoirí na háite ár gcuid gearán in iúl don Roinn Oideachais agus do pholaiteoirí áitiúla ach níor tháinig aon athrú ar an scéal. Feileann an córas seo scoileanna móra a bhfuil uimhreacha móra páistí iontu. Beidh sé soiléir dár liom ag deireadh na bliana seo chugainn gur céim siar atá sa gcóras seo do scoileanna beaga tuaithe ar fud na hÉireann, agus go bhfuil faillí mór a dhéanamh ar na páistí is mó a dteastaíonn freastal rialta, leanúnach uathu. Beidh an athbhreithniú a dhéanfar ar an gcóras nua seo spésiúil amach anseo.



Cé hiad?

Tógadh na pictiúir seo le linn Féile Currachaí an Spidéil sna seachtóidí. An raibh tú ann? An n-aithníonn tú iad seo? *Pictiúir le cuirtéis Mháirtín Uí Chonghaile.*



Cúrsa Nua Gaeilge


Séideán Sí RANG 1



An tríú haonad den chúrsa nua Gaeilge **Séideán Sí** atá á cur ar fáil chun freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna lán-Ghaeilge. Oiriúnach le húsáid i scoileanna eile chomh maith óir tá sé bunaithe ar théamaí an Churaclaim Bhunscoile (1999). Tá an chéad dá aonad de **Séideán Sí** - Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra - á n-úsáid i mórchuid scoileanna anois agus iomrá orthu de bharr réimse agus chaighdeán na n-ábhar atá iontu.

Tá an t-aonad nua seo ar chomhchaighdeán leis an dá aonad eile agus forbairt déanta ar na téamaí éagsúla lena gcur in oiriúint do dhaltai Rang 1.

Tá an cúrsa nua seo á ullmhú ag Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge. Is comhthionscadal é **Séideán Sí** idir An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Foras na Gaeilge.



- | | |
|--|---|
| 1 Chúrsa Comhtháite Gaeilge (Leabhar an Oide C) | Leabhairíní Séideán Sí: |
| 1 Mo Leabharsa - Leabhar an Dalta C (Leagan Connachtach, Muimhneach, Ultach) | Moltaí - Leabhrán don Oide |
| 3 Leabhar Mhóra | Seastán do na Póstaer/Na Leabhair Mhóra |
| 15 Leabhairín - Céim 1 (3 phacáiste) | 2 Phuipéad Láimhe |
| 15 Leabhairín - Céim 2 (3 phacáiste) | 1 Cluichí Focal - Sa Bhaile |
| 15 Leabhairín - Céim 3 (3 phacáiste) | 114 Preabchárta |
| 7 bPóstaer | 1 Ag Obair Liom (Leabhar an Dalta C) |
| 30 Pictiúrchárta | 1 Leabhar Cúnta an Oide C (Ag Obair Liom) |
| 5 Dhlúthdhiosca | 5 Phóstaer Aibítire |

ISBN 1-85791-577-1 €200

Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost ó:

An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
(01) 478 3814 ansiopaleabhar@eircom.net

© AN GÚM

CATALÓG AR FÁIL (01) 889 2800
angum@forasnagaeilge.ie www.gaeilge.ie



Foras na Gaeilge

Clár na Féile

Aoine 30 Meán Fómhair

6.00 DEALRAMH

Taispe ntas Eala ne;
Ceara Conway
Joanne N Bhaoill
Dan Flatharta,
Mary Conroy
 D sheoladh ag Breand n hEaghra
 i Leabharlann na Ceathr n Ruaidh.

CUAIRT CHOILM AR BHRIOC N
 irne n len r gcairde as Oile n
Leodhais san Ionad Fiontair,
 Rosmuc
 Bean an T : Nan Tom Taim n de
 B rca
 (le taca ocht Iomairt Cholmcille)

Satharn 1 Deireadh Fómhair

10.00 Si l id Sl ibhe — idir Leitir M ir
 na Coille agus Gleann Trasna,
 Camus. Tuilleadh eolais: 091-
 574346

1.00 Seoladh Taispe ntas Eala ne
Scoil Chuimsitheach Chiar in in
 ras U Chadhain, An Cheathr
 Rua.

3.00 TAISPEÁNTAS IOMRA
NAOMHÓG
 n D il n go hAnach Mhe in

4.00 AG FÉOCH N AN FH MHAIR
 Taispe ntas Caolad ireachta le Joe
Hogan i gCeardlann an Spid il.
 D sheoladh ag M irt n
 Conghaile.

8.00 OSCAILT OIFIGI IL NA F ILE
 le **Mick Lally** -
 i gCol iste Cuimhneach in an
 Phiarsaigh (**An Chol iste Tin**),
 Rosmuc.
 Ceol: **T ada & Crasdant**
 Bronnadh **Gradam na F ile 2005**
 Fear an T : **M irt n Tom She in n**

Domhnach 2 Deireadh Fómhair

1.00 COM RTAIS SEAN-N S NA

N G
 i gCol iste Cuimhneach in an
 Phiarsaigh (**An Chol iste Tin**),
 Rosmuc.
 Rogha uirlis ceoil; Amhr na ocht ar
 an Sean-n s; Damhsa ar an an Sean-
 n s; Agallamh Beirte/Sc ala ocht;
 Bean an T : **Fiona N Fhlatharta**

3.00 SIAMSA NA nAOSACH in ras
 Mhic Dara, An Cheathr Rua

3.00 SIAMSA NA nAOSACH
 in ras Charna.

6.30 COM RTAS DAMHSA AR AN
SEAN-N S do Chorn Mh irt n
 Beag U Ghr ofa sa Chistin, An
 Cheathr Rua.
 Ceol: **Josie Ceannabh in**
 Fear an T : **Colm M al id**

Luan 3 Deireadh Fómhair

10.00 EALAEONT IRCE SNA

SCOILEANNA:
 Gr pa Eala ont ir ag tabhairt cuairt
 ar bhunscoileanna Chonamara I rith
 na seachtaine:
Ceara Conway, Rosaleen N
Sh illeabh in, Miche l M ille,
Eil s Nic Dhonnacha, Diarmuid
Puirs al.

7.00 TRATHN NA LITRÉOCHTA
 i Leabharlann na Ceathr n Ruaidh:
 Nuala Rua N Dh mhnail,
 P draig Breathnach.
 Joe Steve, M ire N Iarn in
 Fear an t : **Trevor Clochartaigh**

8.30 SEISI N NA nALBANACH
 i dT r na n g, Indreabh n.
 Bean a t : **ine N Dhroighne in**
 (le taca ocht Iomairt Cholmcille)

Máirt 4 Deireadh Fómhair

10.00 EALAEONT IRCE SNA

SCOILEANNA

10.30 /1.00

CODLADH C AD BLIAIN

Dr ma do Ph ist Bunscoile in
Ionad Pobail Chamuis.
 Comp ntas **Modh an Aoibhnis**
L iritheoir: Ray Yeates.



Codladh céad bliain.

Céadaoin 5 Deireadh Fómhair

10.00 EALAEONT IRCE SNA

SCOILEANNA

9.00 NA CLIAMHAINEACHA
 Seisi n Cuimhneach in
 ar **Mhichael**
Mh ire Ghabha Ceannabh in
 agus **Tess Bn U Chonghaile**
 I dTigh, Pheadair Mh ir ar an
 mB nrainn

Fear a T : **Mattie Joe Sh amuis**
F tharta

Déardaoin 6 Deireadh Fómhair

10.00 EALAEONT IRCE SNA

SCOILEANNA

2.00 SIAMSA NA nAOSACH
 i **Tigh Pheacock, Teach D ite.**
 Siamsa ocht agus l n do na hIonaid
 Lae.
 Ceol: **Sonna Choilm Leara**

Bean an T :
Sarah U Mh ille

8.00 CEOLCHOIRM DON IGE
 i **Seanscoil Sailearna, Indreabh n**
 Gr pa Ceolt ir ga th Cinn
 agus **ige Chonamara.**

8.00 BRACKEN
 I dTigh Mhorain, Carna

Aoine 7 Deireadh Fómhair

10.00 EALAEONT IRCE SNA

SCOILEANNA

8.00 GUGALAE GUG
 Ceolchoirm agus seoladh CD nua
 le **Tadhg Mac Dhonnag in**
 i Seanscoil Sailearna,
 Indreabh n.

Oscailt na Féile



Mick Lally.

Mick Lally

Tá Pléaráca an-riméadach fáilte a chuir roimh Mick Lally chun féile na bliana seo a oscailt i Ros Muc. Fear Gaeltachta é Mick as Tuar Mhic Éadaigh i gCo Mhaigh Eo ach a bhfuil aithne go náisiúnta agus go h-idirnáisiúnta air de bharr a chuid aisteoireachta.

Chaith sé blianta ag déanamh páirt an charachtar Miley sa sobaldhráma Glenroe ar RTÉ agus tá cion speisialta agus aithne ag chuile dhuine sa tír air dá bharr sin. Ach tá i bhfad níos mó ná sin déanta ag fear Mhaigh Eo. Tá ainm déanta aige ar stáitse na

hamharclainne agus i scannánaíocht chomh maith le hobair eile teilifíse.

Is é féin, Gary Hynes agus Marie Mullen a bhunaigh amharclann Druid i nGaillimh sna seachtóidí. Tá Druid anois ar cheann de na compántais amharclainne is cáilúla ar domhan agus gradaim idirnáisiúnta buaite acu agus ceangal láidir ag Mick Lally leo i gcónaí.

Tá sé tar éis an Samhraidh seo a chaitheamh leo ag obair ar chnuasach de dhrámaí Synge d'Fhéile Ealaíona na Gaillimhe, d'Fhéile Edinburgh agus chuir siad i láthair in Inis Meáin iad ansin roinnt seachtainí ó shin. Tá ardmholadh faighte ag Druid as ucht an réimse seo de shaothar

Synge a chuir i láthair. Is liosta le háireamh na drámaí, scannáin agus cláir teilifíse a raibh Mick Lally iontu. Leis an Druid - *The Well of the Saints*, *The Playboy of the Western World*, *The Glass Menagerie*, *Who's Afraid of Virginia Wolf*, *Waiting for Godot*, *A Whistle in the Dark*, *Touch of the Poet*, *Wild Harvest*, *The Loves of Cass Maguire*. In amharclanna eile - *Studs* (SFX), *The Year of the Hiker*, *Moll*, *The Man from Clare* (Gaiety), *The Power of Darkness*, *Drama at Inish*, *A Crucial Week in the Life of a Grocer's Assistant*, *The Honey Spike* (Amharclann an Abbey), *The Winter Thief* (Peacock), *Songs of the Reaper Festival* (Project Arts Centre), *The Dead School* (Macnas.), *Site*, *Happy Days*, *The Chastitute*, *The Field* (compántais difriúla), *The*

Téada ag cur tús ceolmhar leis an bhFéile

Is iad Téada a bheidh i mbun an cheoil ag Oscailt Oifigiúil na Féile sa Choláiste Tin. I dtréimhse cheithre bliana tá ainm mhór déanta ag Téada dóibh féin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Go deimhin tá an t-ádh orainn go bhfuil muid in-ann iad a fháil don Phléaráca mar go bhfuil siad tar éis camchuairt mhór a chur dóibh i Meiriceá agus beidh siad ag imeacht arís ar bóthar go luath go dtí An Bhreatain, Ceanada, An Danmhairg agus an Fhrainc.

Tá ceol breá bríomhar acu a nascann an stíl traidisúnta le stíl nua-aimseartha agus tá ancháil ar na ceolchoirmeacha a thugann siad. Tháinig Téada le chéile ar dtús i 2001 agus

chas siad ar chlár TG4 Flosc. Ó shin i leith, tá cáil mhór bainte amach acu dóibh féin. Is iad an cúigear atá sa ngrúpa ná Oisín Mac Diarmada ag casadh an fhidil agus ag gabháil fhoinn;

Paul Finn ar an mbosca ceoil, Damien Stenson ar na feadóga - mór agus beag; Seán Mc Elwain ar an mbouzouki agus an giotár agus

Tristan Rosenstock ar an mbodhrán. Tá siad ag súil go mór lena gceolchoirm i Ros Muc agus tuige nach mbeadh mar gur as Ros Muc bunadh duine den bhanna - Oisín Mac Diarmada, sí Brenda Mhichael a' Mháille a sheanmháthair. Is iad na halbaim atá eisithe acu ná: *Live from the Katherine Cornell Theatre*, *Give us a penny and let us be gone* agus *Téada*.

Tá muid uilig ag súil go mór leis an mbanna seo a chloisteáil - má tá sibh ag iarraidh ceol den scoth a chloisteáil - bígí ann.

Castlecomer Joke Box (Red Kettle Theatre Co.), *The Matchmaker* (City Theatre).

Sé an obair theilifíse atá déanta aige ná *Glenroe*, *Bracken*, *Roma*, *Tales of Kinvarna*, *Year of the French*, *Tales From the Poorhouse/Scéalta Ó Theach na mBocht*, *Ballykissangel*.

Ar na scannáin a raibh see páirteach iontu tá: *Poitin*, *Our Boys*, *The Outcasts*, *Nights in Tunisia*, *Ballroom of Romance*, *A Painful Case*, *The Fantastist*, *Fools of Fortune*, *The Secret of Roan Inish*, *A Man of No Importance*, *Circle of Friends*, *I Could Read the Sky*, *Alexander*.

Crasdant

Is as an mBreatain Bheag **Crasdant**, an banna a bheidh ag casadh in éineacht le Téada ag an oscailt oifigiúil. Casann siad ceol traidisúnta na Breataine Bige agus tá ceathrar de na ceoltóirí is fearr sa mBreatain Bheag sa mbanna.

ar lean



Téada: I dtréimhse cheithre bliana tá ainm mhór déanta ag Téada dóibh féin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Imeachtaí na Féile



Crasdant. Casann siad ceol traidisúnta na Breataine Bige agus tá ceathrar de na ceoltóirí is fearr sa mBreatain Bheag sa mbanna.

Tháinig siad le chéile sé bliana ó shin agus thug faoi chun stáitse nó éisteacht níos leithne a fháil do cheol na Breataine Bige.

Ar na ceoltóirí tá **Robin Huw Bowen** ar an gCláirseach,

Stephen Rees ar an bhFidil, Bosca Ceoil, Feadóga agus Pibgorn, **Andy McLaughlin** ar an bhFeadóg Mhór, Feadóga agus Pibgorn agus **Huw Williams** ar an ngiotár agus damhsaíonn sé chomh maith ins na cloganna traidisúnta.

Tá siad tar éis a 3ú albam a sheoladh 'Dwndwr' / An Torann Mór agus a bhfuil an-aird faighte aige - deirtear go bhfuil siad ar an mbanna ceoil is tabhachtaí a

tháinig amach as an mBreatain Bheag le blianta.

Dealramh

Ceathrar ealaíontóir áitiúla a bheidh páirteach sa taispeántas Dealramh a bheidh ar bun i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh le linn na féile. Is as an gCeathrú Rua do **Dan Ó Flatharta** agus níl sé i bhfad ó bhí taispeántas aige cheana sa Taibhdhearc. Bíonn canbháis mór aige agus tá obair an-láidir déanta aige.

Is as an gCeathrú Rua freisin í **Ceara Conway**, tá go leor ama caite aici thar lear le roinnt blianta - san Iodáil agus san

Albain. Is le gloine is mó is maith le Ceara a bheith ag obair agus beidh roinnt den obair ghloine sin le feiceáil chomh maith le grianghraif agus obair ealaíne eile léi.

Tá **Joanne Ní Bhaoill** ina cónaí i Ros a Mhíl le bliain tar éis di bogadh anuas as Baile Átha Cliath, tá sí ag obair le smidiú ar seit Ros na Rúin. Is le cúig bhliana a thosaigh Joanne ag péinteáil agus tá páirt glactha aici i dtaispeántais i mBÁC, i gCill Mhantáin agus i nGaillimh. Tá Mary Conroy ina cónaí ar an gCeathrú Rua le fada agus í ag péintáil le cuid mhaith blianta.

Siúlóid Sléibhe idir Leitir Móir na Coille agus Gleann Trasna, Camus

- Dé Sathairn 1 Deireadh Fómhair

Beidh na siúlóirí ag teacht le chéile ag Ionad Pobail Chamuis ag 10.00. Tógfaidh an t-siúlóid seo ó 4-5 uair an chloig. Mar sin ní mór duit a bheith aclaí go maith agus bróga agus éadaí feiliúnach a bheith ort.

Tuilleadh Eolais: 091-574346

Siamsa na nAosach

Beidh trí cinn d'imeachtaí á reachtáil ag Pléaráca i mbliana mar chuid de Shiamsa na nAosach. Ar an Domhnach 2 Deireadh Fómhair, beidh siamsaíocht ar bun in **Áras Mhic Dara** ar an gCeathrú Rua agus in **Áras Charna**.

Beidh ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ag teacht isteach chuig na hárais chun píosa spraoi agus craic a chuir ar fáil don seandream. Tá an seisiún seo dá reachtáil ag Pléaráca in **Áras Mhic Dara** ó bunaíodh an fhéile agus éiríonn thar cionn leis chuile bhliain.

Seo é an chéad bhliain againn á reachtáil i gCarna agus tá súil againn go mbainfidh an seandream san Áras seo an taitneamh céanna as. Ar an Déardaoin 6 Deireadh Fómhair, beidh na hIonaid Lae ag teacht le chéile **Tigh Pheacock** ar an Teach Dóite le haghaidh lón agus siamsa. Beidh Sonaí Choilm Learaí ag ceol agus sí Sarah Uí

Imeachtaí na Féile

Comórtas Damhsa ar an Sean-nós

An Chistin - Dé Domhnaigh 2 Deireadh Fómhair 6.30

Mar is léir dóibh siúd a leanann an comórtas seo chuile bhliain, tá sé athraithe ón oíche Céadaoin go dtí an tráthnóna Domhnaigh, tá súil againn go mbeidh an fonn céanna ar dhaoine teacht amach don ócáid seo a bhfuil a cháil i bhfad is i ngearr ag an tráth seo. Beidh **Colm Ó Méalóid** ar ais mar Fhear an Tí i mbliana agus **Josie Ó Ceannabháin** a bheidh i mbun an cheoil. Beidh an-oíche ann agus tá muid buíoch do na damhsóirí uilig a ghlacann páirt chuile bhliain, cuireann siad ard-thaispeántas ar fáil. Cé a thabharfaidh leis Corn Mháirtín Beag Uí Ghríofa i mbliana??? Bígí ann luath chun áit suí a fháil!

Patricia Ní Fhlatharta:
rincoir Ros a'Mhíl.



Mháille a bheas ina Bean a' Tí.

Ag Fíochán an Fhómhair -


Taispeántas Caoladóireachta le **Joe Hogan** i gCeardlann an Spidéil 4.00 Dé Sathairn 1 Deireadh Fómhair

Tá Joe Hogan ag déanamh ciseáin in aice le Loch na Fuaighe, gar don Fhairche, Co na Gaillimhe ó 1978. Sna 1980aidí, bronnadh go leor gradam air sna rannóga giolcaigh, tuí agus luachair ag na Comórtais

Náisiúnta Ceardaíochta san RDS. Spreag a chuid suime i gciseáin dhúchasacha na hÉireann é chun "Basketmaking in Ireland" a scríobh, leabhar a bhfuil taifead inti ar na teicnící a húsáideadh chun ciseáin thraidisiúnta ar nós cléibh agus potaí gliomach a dhéanamh, chomh maith le heolas a thabhairt faoin úsáid a bhaintí astu.

I 2003 bhí sé ina chomh-fheighlí in éineacht le Mary Butcher ar thaispeántas *Irish Basketmaking: Tradition Today* a d'oscail sa Dánlann Náisiúnta

Imeachtaí na Féile



Ceardaíochta i gCill Chainnigh. Tá camchuairt leathan tugtha ag an dtaispeántas seo ó shin. Taispeántais eile ar ghlac sé páirt iontu le gairid ná

40 *Shades of Green* i nDánlann Glucksman i gCorcaigh i 2005 agus *Of Colour in Craft* sa nDánlann Náisiúnta Ceardaíochta i 2002.

Is fiú go mór dul ag breathnú ar an dtaispeántas seo a bheidh á sheoladh ag Máirtín Ó Conghaile, Bainisteoir Réigiúnach an Údaráis.

Na Cliamhaineacha

- Seisiún Cuimhneacháin ar Mhichael Mháire a'Ghabha Ó Ceannabháin agus Tess Bn Uí Chonghaile.

Níos túis e i mbliana seo, bhásaigh beirt d'amhránaithe móra Chonamara i bhfoisceacht cupla lá ó chéile, Michael Mháire a'Ghabha Ó Ceannabháin agus Tess Bn Uí Chonghaile.

Buille trom a bhí ann á muintir mar nach raibh aois mhór ag ceachtar acu seo agus ar a bharr sin, bhí ceangal láidir idir an dá theaghlach mar go bhfuil mac le Tess pósta le hiníon Mhichael.

Beidh seisiún sean-nóis ina gcuimhne i **Tigh Pheadair Mhóir** ar an mBánrann ar an gCéadaoin 5 Deireadh Fómhair ag 9.00.

Beidh a gcuid gaolta agus cairde ag teacht le chéile anseo chun caint agus plé a dhéanamh ar



Ceara Conway agus sampla dá saothar a bheidh ar taispeánt i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh.

Mhichael agus ar Tess agus ar ndóigh chun cúpla amhrán a chasadh. Sé **Mattie Joe Shéamuís Ó Fátharta** a bheas ina Fhear an Tí.

Taispeántas Iomra Naomhóg

Ní rása a bheidh againn i mbliana trasna Cuan an Fhir Mhóir ach Taispeántas Iomra Naomhóg.

Beidh sé seo i gcuimhne ar bheirt a raibh baint mhór acu le rásaí curach agus naomhóg agus

a bhíodh an-pháirteach in imeachtaí farraige le linn Féile an Phléaráca.

Bhásaigh Micheál Ó Loingsigh, Anach Mheáin agus Colm Ó Lupáin, Anach Mheáin go tragóideach i mbliana agus tá coiste eagraithe an mharatóin a bhíonn againn go hiondúil ag reáchtáil ócáid na bliana seo ina n-onóir.

Beidh sé ar bun ag 3.00. ar an Satharn 1 Deireadh Fómhair ó Thrá an Dóilín go hAnach Mheáin.

IMEACHTAÍ DON ÓIGE

Cuairt ealaíontóirí agus ceardaithe ar na bunscoileanna

Mar atá déanta againn le roinnt blianta, táimid ag cur grúpa ealaíontóirí agus ceardaithe thart chuig na bunscoileanna i nGaeltacht Chonamara. Seo gné den fhéile a mbíonn an-éileamh air agus is breá leis na scoileanna féin go bhfuil páirt ghníomhach acu sa bPléaráca. I mbliana siad an grúpa a bheas ag tabhairt cuairt ar na scoileanna ná:

Micheál Ó Máille - Is as Doire Iorrais é Michael nó Michaelín P. Beidh sé ag múineadh ceird an chaoladóra do na gasúir. Tá go leor caoladóireachta déanta aige féin thar na mblianta le Joe Hogan. Is cineál cúltaca againn i bPléaráca é mar aon uair a mbíonn muid i sáinn, cuireann muid fios air. Tá an t-ádh orainn go bhfuil sé fágtha againn, mar measctar suas go minic é leis an aisteoir Martin Sheen. Ní ligfidh muid uainn go Holly wood é má bhíonn siad ar a thóir!

Beidh Eilís Nic Dhonncha ag déanamh drámaíocht leis na páistí scoile. Tá cuid mhaith oibre déanta aici le Pléaráca cheana faoin gClár Litríochta & Drámaíochta. Bhíodh sí ag obair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ach tá sé sin tugtha suas anois aici le dhul go hiomlán leis an amharclannaíocht. Tá sí chun aghaidh a thabhairt ar Pháras na Fraince i mbliana chun breis staidéir a dhéanamh ar gheird na hamharclannaíochta.

Ealaíontóir í **Ceara Conway** as an gCeathrún Rua. Rinne sí staidéar ealaíne i nGaillimh, Dún Éideann agus BÁC. Chaith sí cúpla bliain



Eilís Nic Dhonncha: ag déanamh drámaíocht leis na páistí scoile.

san Iodáil áit a raibh roinnt taispeántas aici. Tá sí tagtha abhaile chuig an gCeathrún Rua le bliain anuas agus go leor oibre á dhéanamh aici i measc an phobail.

Tá sí ag obair ar thionscnamh le hÁras Mhic Dara agus tá sí ag obair ar thionscnamh "Ó Ghlúin go Gloine" le Pléaráca. Chomh maith le bheith ag obair sna scoileanna i rith na féile, beidh saothar Cheara le feiceáil sa taispeántas *Dealramh* a bheidh ar

bun i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh. Is as Inbhear í **Rosaleen Ní Shúilleabháin** agus í ag plé le ceird na potadóireachta le blianta. Tá go leor oibre déanta aici le Pléaráca, ceardlanna potadóireachta do dhaoine fásta agus ar na campaí samhraidh don dream óg. Bhíodh sí an-pháirteach chomh maith sna cúrsaí seoltóireachta traidisiúnta a bhíodh Pléaráca a reáchtáil roinnt blianta ó shin ar an gColmcille. Tá **ar lean**

IMEACHTAÍ DON ÓIGE

an-suim ag Rosaleen a bheith ag obair amuigh faoin aer, agus is in Ionaid Eachtraíochta Cheapach na gCapall agus An Chaoláire Rua a bhíonn sí fostaithe an chuid is mó den am. Tá sí tar éis filleadh tar éis bliain taistil san Astráil agus sa ChianOirthear.

As Cois Fharaige é **Diarmuid Puirséal** agus is ag múineadh scil an chartúnaí a bheidh sé do na gasúir scoile. Bí cinnte go mbeidh neart éilimh ar an gceardlann seo agus iad uilig ag iarraidh carachtar ar nós Bart Simpson na Gaeltachta a chruthú.

Codladh Céad Bliain - Ionad Pobail Chamuis, Dé Máirt 4 Deireadh Fómhair, Dhá seó - 10.00rn 1.00 i.n.

Seo é an seó stáitse a bheidh á léiriú do na páistí bunscoile i mbliana. Tá an scéal seo ar eolas ag chuile dhuine ach tá an draíocht sa gcaoi a n-ínsítear é. Sí Áille an bhanphrionsa agus titeann sí ina codladh sa bhforaois go ceann céad bliain go dtí go dtagann a prionsa dá sábháil. Léiriú álainn é seo ar an seanscéal a fheileann chuile aoisghrúpa. Siad compántas **Modh an Aoibhnis** atá á léiriú agus is é Ray Yeates an stiúrthóir. Siad na haisteoirí ná Brídín Nic Dhonncha as an gCeathrú rua, Isolde Carmody, Margo Jones agus Melanie Grace. Tá neart ceoil, amhránaíocht agus spraoi sa dráma agus cothaíonn siad páirtíocht na bpáistí scoile. Léiríodh an seó seo ag Féile an Earagail i mí Iúil agus d'éirigh thar cionn leis, bí cinnte go mbeidh an t-éileamh céanna air anseo i gConamara.

Ceolchoirm don Óige - Seanscoil Sailearna, Déardaoin 6 Deireadh Fómhair 8.00.

Beidh déagóirí Chonamara agus déagóirí Átha Cinn ag teacht le



Codladh Céad Bliain - Ionad Pobail Chamuis, Dé Máirt 4 Deireadh Fómhair.

chéile i Seanscoil Sailearna chun ceolchoirm spleodrach a thabhairt. Tá an grúpa as Áth Cinn a bhfuil deich nduine fhichead acu ann tar éis gradam idirnáisiúnta a bhuachan thall i Prague as an seó spleodrach a chuireann siad ar fáil. Casann siad chuile chineál ceoil, Cajun, pop, roc, jazz chomh maith le ceol Gaelach agus taispeántas damhsa. Is fiú go mór teacht amach chun iad seo a fheiceáil. Beidh óige Chonamara iad féin ag cur a gcuid tallainn i láthair ar an oíche. Fáilte roimh chách agus tuilleadh!

Gugalaí Gug - Seanscoil Sailearna, Dé hAoine 7 Deireadh Fómhair 8.00

Tá sé déanta arís ag Tadhg Mac Dhonnagáin, CD nua eile agus leabhar díreach curtha ar an margadh aige agus iad le seoladh ag an gceolchoirm seo a bheidh i Seanscoil Sailearna. **Gugalaí Gug** teideal an leabhair agus an CD agus siad na seanrannta

traidisúnta a d'fhoghlaim muid uilig sa mbaile nó ar scoil atá le cloisteáil agus le léamh ach tá siad déanta i bhfad níos beoichte. Is álainn an táirge é seo atá curtha ar an margadh ag Tadhg, tá na rannta tugtha isteach sa saol nua-aoiseach aige leis na léaráidí agus leis an dtionlacan ceoil agus glórtha atá le cloisteáil. Chuidigh dhá scoil leis i ndéanamh an CD, Scoil Sailearna, Indreabhán agus Scoil an Chnoic, Leitir Meáilín. Tá gasúir as an dá scoil seo ag aithris na rannta agus tá Tom Sailí Ó Flatharta agus Caitlín Ní Chualáin ina gcuideachta. Sé John Ryan, a bhfuil go leor oibre déanta aige le Tadhg cheana féin a léirigh an dlúthdhiosca agus sárobair déanta aige. Is fiú go mór teacht ag an gceolchoirm seo, áit a mbeidh na gasúir a ghlac páirt sa dlúthdhiosca Ceol na Mara ar an stáitse freisin, chomh maith le banna gairmiúil ceoil a choinneoidh tionlacan leo. Bígi linn go gcloisfidh sibh iad!

TRÁTHNÓNA LITRÍOCHTA

Ag léamh a gcuid saothar

Siad Nuala Rua Ní Dhómhnaill, Joe Steve Ó Neachtain, Pádraic Breathnach agus Máire Ní Iarnáin a bheas ag léamh a gcuid saothar ag Trathnóna Litríochta na féile i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh ar an Luan 3 Deireadh Fómhair ag 7.00. Sé Trevor Ó Clochartaigh a bheas ina Fhear a' Tí.



Máire Ní Iarnáin.

Diomá

le Máire Ní Iarnáin

Is bhíos-sa tugtha,
Tugtha traochta
Is bhailios liom
Chuig mo
ghruaigeadóirín
Chun go n-oibreodh sé
A shiosúr tríd an
mullach trom
A bhí ag stoitheadh
An chraicinn díom;
Go gcuimleodh sé an
sobal cumhra
Thart timpeall mo chinn
Faoina mhéaracha fada,
boga, suaimhneacha;
Go gcuirfeadh sé cuma
Na hóige ar ribí
A bhí ag géilleadh don
aois.

Rinneas.

Is chaitheas uair mhór
fhada
Sáite faoi thriomadóir
cuasach
Ag léamh faoi
chistineacha snasta
mine
Faoi shaoire sna
Himiléithe
Faoi dhraíocht ban
Éigipteach.

Bhaineas searradh asam
féinig
Is d'fhéachas ar an
íomhá nua ghléineach
Is thit an t-anam
As mo chliabhhsa.

Ní dúirt mo
ghruaigeadóirín liomsa
"Tar thar n-ais is
néatóimid
Gan stró tú...."
Ach dúirt go liopasta
"Beidh gach rud ceart
I gceann cúpla lá
beag..."
Dheifrigh leis gan slán
ná beannacht
Is lean scamall na
dímheasa
Síos go bun a laidhre é.

Is dúradh liomsa
"Ar ais leat is aimsigh
éiric
Is seas suas ar do chosa
féinig"
Ach ní raghad
Ná ní chuirfeadsa aon
dea-cháil
Ort, a ghruaigeadóirín
buí
Na gcluasa maola
A bhrúigh biorán na
dímheasa
In aghaidh croí
Tugtha traochta
Tréigthe,
Is a d'fhág
Folt na heorna
Ar dhath gránna
míshlachtmhar
Na seanaoise.

Anam mná

le Pádraic Breathnach
(Píosa as a leabhar nua *Ingne Dearga Dheaideo*)



Deireann daoine linn go bhféadfaimis gasúr eile a bheith againn, ach ní réitíonn an chaint sin chor ar bith liom. Táim bunáite ceathracha bliain d'aois, agus sílim go mbeinn róshean; bheadh faitíos orm, cé go raibh i gceist againn an chéad uair an dara gasúr a bheith againn.

Pé ar bith é, ní réiteodh gasúr nua ár gcás. Tá gasúr básaithe, gasúr a dtugamar beatha agus grá di.

Arbh agairt ó Dhia é faoi muid a bheith in éindí chomh fada gan cuing an phósta a dhul orainn, faoi muid a bheith ag fuireach go mbeimis réidh? Cé gur smaoineamh é sin a ndéanfainn magadh faoi tráth, a ndéarfainn é a bheith seafóideach, ní fhéadaim é a chur as mo cheann anois. Brian is mé féin, bhíomar inár leannáin mheánscoile ach go ndeachamar ar ball ar ár mbealaí féin i ngeall ar ár n-uaimhianta gairme go dtí gur chasamar ar a chéile arís agus go ndeachamar chun cónaithe le chéile agus gur cheannaíomar an teach mór seo ar gheall le teachtaireacht ó Dhia chugainn é, dar linn, an chaoi a dtáinig sé ar an margadh.

Áras Seoirseach dhá urlár, mar a fheiceann tú, siléar nó íoslach faoi, seandacht agus stair ag gabháil leis, ascaill fhada go dtí é, fáibhilí móra maorga ó gheata go bán, é ar chnocán aoibhinn i ngar do shráidbhaile álainn. Suíomh níos deise ní raibh ann, scór míle ó lár na hardchathrach. Agus cé go raibh droch-chuma go maith air, toisc é a bheith

bánaithe le píosa, mheall an dá fhuinneog mhóra Fhrancacha láithreach muid, arae chonaiceamar gur scal an t-uafás solais isteach tríothu, agus is duine é Brian, agus mise freisin, ar breá linn an t-athchóiriú.

Tráthnóna i ndiaidh tráthnóna, deireadh seachtaine i ndiaidh dheireadh seachtaine, bhíomar ar ár mbionda ar nós béabhar ag stróiceadh amach idir sheanbhrait urláir is seantaipéisí balla, idir sheanspiaraí adhmaid is phéint is vearnais, muid ag imeacht ó sheomra go seomra; ón seomra fáiltithe go dtí an seomra suite go dtí an seomra bia, go dtí na seomraí leapan, á gcóiriú amach ar a mbealach suntasach féin.

Aislingí go leor againn. Chruthaíomar oifig is stiúideo nua; chuireamar caoi ar na cróite agus ar na stáblaí; na seancheapóga blátha, an clós agus an bán, thugamar chun foirfeachta arís iad.

Nuair a bheadh chuile shórt ina shea, bheadh áilleacht mhór ann, earrach, samhradh, fómhar, agus geimhreadh. Agus bheadh cúram orainn, beirt ghasúr áille – buachaill agus cailín – ag spraoi, ag dreapadh na gcrann agus ag imirt folach bhíog.

B'iontas liom a éasca is a thosaíos ag iompar ón uair a shantaíos sin. Bhínn ag tógáil an phiolla, agus óir go gcomhairlíte nár chóir a dhul ag iompar de dhoirte dhairte théis a bheith air sin, bhain Brian úsáid as coiscín

ar feadh achair.

Ní fhéadfainn a chreistiúint a ríméadaí is a bhíos go rabhas ag iompar. Ba mheasa mé ná buinneán óg agus d'fhógraíos an dea-nuaíocht do Bhrian ar an gcaoi ba rómánsúla: thugas cuireadh amach go dtí trá Chill Iníon Léinín dó. Chuamar amach sa charr, cé go raibh brath agam an chéad uair a dhul ar an traein.

Bhíos gléasta i ngúna fada scuabach, a réitigh le mo chuid gruaige fada scuabaí, agus bhí tamall caite againn ag spaisteoireacht, lámh ar láimh, cosnochta ar an trá, muid ag cur ár gcos sa ghaineamh agus san uisce, nuair a threoraíos ar ball é le dhul a shuí ar phlásóg aerach féir.

"Tá nuaíocht agam dhuit," a dúras.

Rinneas meangadh glé leis. Ansin shíneas boiscín beag chuige ina raibh teidí bídeach agus nóta beag: 'Haigh, a Dheaide'. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an solas a tháinig ina shúile. Rug sé barróg orm, phógamar a chéile, ba mheasa ná déagóirí muid. D'fháisceamar.

"Ná fáisc róchrúa anois mé," a dúras go magúil.

Bhí báid ar an bhfarraige, bhí faoileáin ag faoileáil, bhí aoibhneas san aer; bhéarfaí ár leanbh sa nead ba chompóirtí.

(Breathnach, P., Ingne Dearga Dheaideo, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, 2005, 9-11)

Muisiriúin

le Nuala Rua Ní Dhómhnaill

Ba mhaith liom bheith im' mhuisiriúin,
óm baithis síos go dtí bundún
im chlár nimhe, ag fógairt oilc,
ag bagairt bháis do shlua an tsuilt.

Do bheinn chomh dúr le taobh an chlaí,
fuarspreósach, modartha,
diomhaoín,
púiciúnta, iomlán faoi neamhshuim
ar bhuartha daoine, is ar a maoin.

Bheadh craiceann thais orm,
sleamhain, slím
é cruaidh is bog san am chéanna.
D'fhásfainn ar bhualtrach bó is ar chrainn
ag sú an mhaitheasa astu go ciúin.

D'fhásfainn san oíche i ngan

fhios
don saol maith mór, do lucht an eolais.

Do bheinn níos lú ná tor nó craobh
ach phéacfainn suas thar phaiste sméar.

D'fhásfainn gan mhairg ar ghach a d'éag.

Do shúfainn tríothu go dtín' bpréamh,
go sroisfinn síos go dtí créafóig
is stopfainn ann is thabharfainn póg

don mbás, don bhfuarbholadh ceobhráin,
don mheath, don néal, don bhfeóchadán,
don dtairsíocht fuar is don bhfliuchán
don drúcht millteach, don sú sileáin.



Nuala Rua Ní Dhómhnaill.



Joe Steve Ó Neachtain.

Bid

Joe Steve Ó Neachtain

Ní dheacha tada in aisce leatsa a Bhid,
Ná linne,
O dhág an bás
Mar athair againn thú
Ag baint slí na beatha
As cré dhubh na talún.

Ach mhúin tú dhúinn

Gur uaisleacht é
Láimh a chroitheamh
Leis an láí
Agus gur saibhreas é
Glór binn béil
Ag aithris sgéil
O ghlúin go glúin.

Crua a d'oibrigh do linnse
Ach bródúil,
Gurbh é an deoir allais
An deoch ba mhilse
Is sibh ag biorrú
Cocaí is cruacha

In aghaidh scéin
An ghorta mhóir.

O phunt go punt
A chruinnigh tú
Luach do chontra
Is níor iarr do nádúr
Ach deoch fíor uisce
Sa teach ceann tuí
Sul má ghlaoigh an chuach
Arais ort go dtí suaimhneas
Gháirdín Phárrthais.



Séamus Ó Cualáin: buaiteoir Gradam Phléaráca 2004.

SLÁN LEIS AN gCORR ÉISC

Tacadh an ama seo anuraidh bronnadh Gradam an Phléaráca orm ar an gCeathrú Rua. Cé go scríobhainn altanna do leabhrán Phléaráca ó am go ham, mar sin féin ní dóigh liom go raibh an onóir tuillte agam. Ar chaoi ar bith, tá mé fíorbhuíoch díobh seo a bhronn an Chorr Éisc orm agus go mba fada buan iad féin is a sliocht i só agus i sláinte

Chuir mé an Chorr Éisc ar bhord sa halla agus níl duine dá bhfaca an t-éan neamhghnách measúil seo nár mhol é go hard agus nár scrúdaigh é go haireach ó bharr a chin go bun a chos.

Corr Éisc nó Corr Scréachóg a thugtar ar an éan seo i gCois Fharraige agus i gConamara; Corr Bhán agus Corr Ghlas in áiteanna eile agus Corr Leitheadach i gCo na Mí. Glaotar Corr Mhóna ar an éan i dTír Eoghain agus tugtar ainmneacha neamhghnácha cosúil le Nóra na bPortach, Máire Fhada, Cáití Fhada agus Júnaí an Scrogaill ar an gCorr Éisc in áiteanna i gCúige Mumhan.

Céad slán, a Chorr Éisc! Beidh mé fíoruaigneach i do dhiaidh, óir faoi mar a deir an file ceolmhar Toirdhealbhach Ó Cearrbhalláin (1670 – 1738) taréis bás a charad, “Níl pian, níl peannaid, níl galar chomh crua cráite le héag na gcarad nó scaradh na gcompánach!”

Ní miste a lua gur sa Spidéal i bhfoisceacht achair ghearr de Obair i gCo na Mí a saolaiodh Toirdhealbhach!



SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA

Scríbhneoirí ag obair le gasúir scoile

Tá Clár Litríochta & Drámaíochta dá reachtáil le dhá bhliain anois ag Pléaráca le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Mar chuid den chlár, cuireadh scríbhneoirí cónaitheach ag obair le gasúir Scoil Naomh Briocán sa nGort Mór agus Scoil Náisúnta Chamuis. I measc imeachtaí eile reachtáileadh an Fhéile Litríochta do Dhéagóirí *Fuint Focal* ar an gCeathrúnRuaidh. Seo leanas cuid den saothar a tháing uaidh na himeachtaí éagsúla sin.

Seo píosaí a chum gasúir Scoil Naomh Briocán sa nGort Mór, Rosmuc mar chuid de shraith ceardlanna a rinne siad le Máire Holmes faoin gclár Scríbhneoir Cónaitheach a d'eagraigh Pléaráca le tacaíocht ó Éigse Éireann agus Ealaín na Gaeltachta.

Scoil Naomh Briocán
- An Gort Mór

An Scoil

- Sarah de Búrca

- Aois 12 Rang 6

Tá an scoil sin againne go breá

Bíonn muid ann gach lá

Ag foghlaim is ag spraoi

Ní bhíonn muid ina luí

Tá an bheirt sin Micheál agus Lisa

ag béiceach is ag rá

má dhéanann sibh an obair

Éireoidh libh go breá

Déanann muid ath – chúrsáil

Go rialta gach lá

Is gheobhaidh muid an brat glas arís

Tá chuile dhuine dhá rá

Buíochas do na múinteoirí na scoláirí is na tuismitheoirí

Tá cliú is cáil ar Scoil Bhriocáin

Nach mbainfear uainn go brách

Súile

- Micheál Ó Neachtain

- Aois 10

Tá mo shúile an -dona

agus teastaíonn speacláirí

agus tá siad gorm

Bíonn mé ag breathnú le mo

chuid súile gach oíche

is gach lá

Micheál Ó Neachtain

- Aois 10 Rang 4

Tá stoirm ar an bhfeirm

agus mise

amuigh ag spraoi

Tháinig an fheirmeoir amach

agus mise amuigh ag spraoi

Chuaigh an liathróid siar sa ngarraí

agus fuair mé í.

Micheál Ó Neachtain

- Aois 10

Tá cat agam

tá sé dubh, ban is buí

agus gach lá bíonn sé ina luí.

Bíonn sé ag spraoi

gach oíche

is gach lá

agus bíonn sé ag ól bainne

agus ag ithe arán.

Vivienne Ní Niadh

- Aois 9 Rang 3

Tá dhá chat agam

sa mbaile

Tá siad mór

Níl siad beag

Tá siad bán

agus dubh

Bíonn mé ag spraoi leo

tar éis am scoile

Bíonn siad ag

dul ar siúlóid

leo féin

An Sneachta ag Titim

Josephine Thornton - Aois 9

Tá an sneachta ag titim

Ag titim ón spéir

Tá sneachta ar an gcnoc

Agus sneachta ar an bhféar

Féach ar na páistí ag

súgradh sa ghleann

Ag rith is ag léim

Le spórt is le greann

A Chara mo Chroí

Tá Róisín ina codladh

I leaba beag buí

Éirigh a dúirt mamaí

a chara mo chroí,

Féach arsa mamaí

Agus í ina suí ar an leaba

Éirigh a Róisín

SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA



Ceathrar scoláirí ag baint tainimh as imeachtaí Fuint Focal.

ná bí i do luí
Mo chairde
 Tá cara agam
 Eileen an t-ainm atá uirthi
 Tá sí naoi
 Is maith liom í
 Tá sí go deas
 Bíonn mé ag spraoi leí gach lá
 Tá sí naoi nós mise

Mo scoil

- Tomás ó Neachtain - Aois 12
 Rang 6

Tá mo scoil ar an nGort Mór,
 Ní maith liom í
 Mar níl aon chead agam tada a
 dhéanamh
 Ach fanacht i mo shuí
 Nuair a tháinig an cigire
 Ó lá breá a bhí ann
 D'iarr mé cén tainm a bhí air
 Agus dúirt sé "Stiofán"
 Níor thaitin sé liom
 Ón lá sin amach
 Mar dúirt sé liom
 A bheith á ghearradh
 Amach Seanamhach

Bhí fear ann fadó fadó bhí
 Chuaigh sé go dtí scoil
 Bhriocáin mar a bhí
 Thóg sé an Micra T
 Agus bhí gliondar ina chroí
 An tainm a bhí air
 Ná "Michaelín Phee"

Mo Scoil

- Vivienne Ní Niadh
 - Aois 9

Is maith liom
 mo scoil
 bíonn mé ann gach lá
 bíonn muid
 ag spraoi agus
 minic a bhí
 Bíonn muid ag léamh
 Is ag scríobh
 Is maith liom an scoil
 Tá Lisa go hálainn
 Is an máistir go breá

Mo Mardi

- Eileen de Búrca - Aois 9
 Tá mardi agam sa mbaile

an t-ainm ata air ná Bobby
 Ólann sé uisce
 Itheann sé arán
 Tá dath dubh agus bán air
 Is maith liom an Mardi
 Tá sé go maith
 Is sheepdog é
 Bíonn sé ag rith i ndiaidh bó
 Is Mardi an - deas é Bobby
 Tá sé mór
 Is Mardi an - mhaith é Bobby

Cat -

Mary de Búrca - Aois 9

Tá cat agam
 sa mbaile
 An t-ainm atá air
 ná Whistles
 Tá cat agam sa mbaile
 Cat beag álainn
 Tá cat ag mo 'nextdoorneighbour'
 Tá madra aige
 an ainm atá air ná Looke
 Níl siad mór
 Níl siad beag
 Tá na cait go deas

SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA

Seo píosaí a scríobh gasúir Scoil Náisúnta Chamuis mar chuid de shraith ceardlanna a rinne siad le Gwyn Uí Ghaora faoin gclár Scríbhneoir Cónaitheach a d'eagraigh Pléaráca le tacaíocht ó Éigse Éireann agus Ealaín na Gaeltachta.

An Scoil

- Soibhán Ní Fhlatharta

Chuaigh Mamó ag seanscoil Chamuis nuair a bhí sí sé bliana d'aois sna 1940'daí. S'iad na múinteoirí a bhí aici ná Mr Ó Connor agus nuair a d'imigh sé sin tháinig Éamonn Ó Riain agus Mrs Ó Brien an múinteoir eile bhí ann. D'imigh sí ón scoil i 1950 nuair a rugadh a deartháir agus bhí a máthair tinn agus bhí sí ag teastáil sa mbaile le obair an tí a dhéanamh. Chuaigh máthair agus athair mo Mhamó, sin iad Johnny agus Bairbre ó Giobúin ag sheanscoil Chamuis. Siad na múinteoirí a bhí acu ná Máirtín Ó Cadhain agus Miss Mullane. Bhí siad an-chantalach. Chuaigh said ag an scoil i 1920.

Carranna

- Lorraine Ní Fhlatharta

Ba Morris Minor an chéad charr a bhí ag Micil. Ghlanadh sé amach é chuile mhaidin agus thabharadh sé an - aire dhó.

Nuair a bhí mé dhá bhliain d'aois chuaigh Daideo go Meiriceá ag 'wedding' mac leis, Steve. Bhí sé 80 bliain d'aois. B' shin an chéad uair aige ag eitilt. Aer Lingus a bhí ann. Cúpla sciling a d'íoc siad as an eitilt. Tá sé i bhfad níos daoire anois ná bhí sé fadó. 5p a bhí ar an sciling, dath glas a bhí air.

Piara Ó Giobúin - Mo Dhaideó

Théadh Daideo anonn go Sasana san bhFómhair chuile bhliain. Ní raibh sé sa mbaile le haghaidh na Nollag riamh. Ag obair ag monarchan biatais a bhíodh sé. Is

dócha go mbíodh Mamó uaigneach faoi Nollaig agus í scartha óna fear. Bhíodh an bheirt acu ag scríobh ag a chéile agus ansin san Earrach bhí cead ag Mama agus a clann lá saor ón scoil a thógáil le fáilte a chuir roimh Dhaideó. Chaitheadh Daideo sé mhí i Sasana. Ag dul anonn ar an mbád a bhíodh sé. Ní aireodh Mama ná a clann uaigneach mar go raibh an oiread cleachta acu air. Théadh sé anonn i gcónaí go dtí go raibh sé aois a' phinsin ag 65.

Scoil Mhamó

Orla Ní Fhlatharta -

Bhí Mamó ag dul ar scoil ar an gCeathrú Rua. Bhí chuile mhúinteoir go deas ach ceann amháin. Ach ní raibh an múinteoir sin ag Mamó riamh. Bhíodh siad ag siúl go dtí an scoil. Thaitnigh an scoil le Mamó. Bhí siad ag déanamh léamh, mata, litríú, fuáil, Gaeilge, Béarla agus Cniotáil. Bhí siad ag scríobh le peann luaidhe. Thaitnigh an scoil go mór le Mamó

Mo Mhamó

Sorcha Ní Chualáin -

Rugadh mamó (Baba) i Meitheamh 1915. Bhí sí thart ar chúig mbliana d'aois nuair a chuaigh sí ar scoil. Shiúil sí go dtí Seanscoil Chamuis, chomh maith le roinnt gasúir ón mbaile. Bhí sé thart ar míle ón scoil. Bhí corr rothar ar an mbaile, ach ní raibh aon charr ann. Bhí an saol crua go maith. Ní raibh airgead fairsing. Ag an am sin bhíodh neart cur dá dhéanamh, ar nós fataí agus síolta. Bhíodh féar le sábháil agus móin le baint. Bhíodh aoileach le

cur ar na garrantaí, chomh maith le feamainn. B'iad na múinteoirí a bhí sa scoil ná Máirtín Ó Cadhain, Miss Cuff, Miss Mullane agus Máistir Ó Connor.

Gach lá sa scoil, bhíodh tae agus cócó acu. Dhéanadh na cailíní is sine cócó. Dúirt mo Mhamó go mbíodh sé blasta agus théadh sé suas go maith iad. Bhíodh tine ar an teallach sa scoil. Blianta roimhe sin bhíodh ar na scoláirí cúpla fód móna a thabhairt leo chun na scoile. Ag an am bhíodh faitíos ar na scoláirí roimh na múinteoirí.

An Cosán

Shauna Nic Dhonnacha -

Tá cosán idir mo theach agus teach mhamó. Téann sé trasna gáirdín. Tá an cosán seo thart ar 100 bliain d'aois. D'úsáid mo shean mhuintir siar é freisin. D'úsáid mo mhamó é nuair a bhíodh sí ag siúl ar scoil agus go dtí an siopa. Tá mo Dhaidí ag cur feabhas air sa chaoi nach mbeidh orm siúl ar an bpríomh bhóthar agus mé ag dul go teach mo mhamó

An Portach

Aisling Ní Fhiannachta -

Baineann mo dhaidí móin sa bportach chuile bhliain. Baineann sé an mhóin le haghaidh na tine. Bíonn an láí aige le sraith a bhaint. Bíonn an sleán ann le móin a bhaint agus bíonn an píce le móin a scaradh. Nuair a bhíonn an móin beagán triomaithe gróigeann muid í agus nuair a bhíonn sé uilig triomaithe tógann muid abhaile í.

SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA

Seo cuid den véarsaíocht a chum grúpa déagóirí a d'fhreastal ar an Fhéile Litríochta do Dhéagóirí *Fuint Focal* ar an gCeathrún Ruaidh

Fuint Focal

Seattle, Sconsa is Sailearna
An Rinn, Dún Chaoin is Gaoth Dobhair
Luimneach ag cadráil leis an hibéir
An Aifric Theas ag rá 'Caidé'?
Bridín ag aithriseoireacht don Nigéir
Is Jason ag canadh ar nós an éin,
Noel Hill is a bhoiscín beag
Ag cur na ghriompics ina dtost
Gannon Bhoston ag coinneáil cheoil
Le Joe Neachtain na n-éadromchos
Prós is filíocht, drámaí is ceol
Comhrá is canúintí, nach mór an seó
Pléaráca is Ealaín againne go deo.

Ode do Bhabailís!

Shroicheamar ár gceann scríbe
Ag súil le spórt is spraoi
Ní raibh fhios cad a bhí romhainn
Sa cheantar seo is gaelaí.
Filíocht, véarsaíocht, greann is spraoi
Togha gach bia, rogha gach dí.
Ag an gceolchoirm mhór, bhí an chraic á roinnt

le Joe ag damhsa agus Noel ag seinnt
Ceol deas uilíoch, amhránaíocht bhreá bhinn
Idir Luimneach, Gaoth Dobhair, Ciarraí is an Rinn
Buncanna sa seomra, Baba ina rí
Teacht abhaile ón dioscó, ag simiáil sa 'gcab'
Deireadh seachtaine sa Cheathrú Rua
Ag fágáil inniu - lán le spiorad
Is muid na Gaeil - Is muid abú!
Siobhán, Morgan, Rós Mháire, Aoife agus Laura.

Fuint Focal, scór i seomra triúir
Ag baint sult as *crossants* úr
Ceol craic sport is spraoi
Idir Muirloch, cairde is na caoirigh
Ceardlanna san Acadamh ar feadh an lae
Ach iad críochnaithe in am don tae
Gabriel ag haikúáil agus Ó Ciobhán ag prósaíl
Éinniú is a chuid amhrán is muide ag pósáil
Na cailíní as Luimneach go hard sa ngleo
An chraic is fearr sa seomra leo

Damhsa is ceol is scléip go leor
I Seanscoil Shailearna ar ndóigh
Ag díriú Bob Rob
Is muid ag caint faoi Billy Bob
Rithin, focail, meafair is peann
Go deo arís beidh ár gcuimhní ann
Dairmuid agus Brídín

Cumadóireacht in ár suí
Le scéalta inár gcroí
A trí a chog ar maidin is ag canadh atá fear an tí
Louis de Paor lena *Gholdy Locks* gruaig
Liathróid á himirt gan cead ar an bhféar
Finbar á smideadh agus é go fiosrach
Edel ag éalú ar Mr Crowley
Gan faic fágtha dá chuid lámhaí
Éad ar Chiarraí le cleas na Gaillí
Toisc iad ina suí ag imirt chartaí
Ár samhlaíocht á spreagadh
Ó *Aideenisms* go *Chinchillas*
Ó haiku go drámaíocht
Fuint a thugann an tacaíocht
Jessica Ní Chadhain, Aisling Nic Eoin, Sláine Ní Chathalláin, Louise Nic Thomáis, Bianca Ní Mhurchú.

	Ó Coistealbh (Nspl.)	Bladha (FF)	Breathnach (FF)	Ceannabháin (SF)	Ciarragáin (FG)	Conghaola (Nspl.)	Creaven (PD)	Cuaig (Nspl)	Curraoin (SF&Pob)	Hanley (FF)	Joyce (Nspl.)	Mac Siurdán (Nspl.)	Mulcahy (Glas)	Neachtain (FF)	Ní Fhatharta (FF)	O Clochartaigh (Nspl)	O Laoi (FG)	O Lorcain (PD)	Ó Méalóid (FG)	O Tuairisg (FF)	Vótaí a Caitheadh
Bosca																					
Eanach Dhúin (2)	5	15	14	14	15	1	24	10	13	145	26	42	8	65	3	4	19	3	22	13	461
Carn Mór	0	1	4	9	13	0	237	3	7	159	2	18	1	10	3	0	11	4	4	2	488
Baile Chláir (2)	0	0	1	10	21	0	192	4	5	279	3	95	6	16	13	1	9	5	6	11	677
Caisleán Gearr	5	2	3	1	3	0	56	0	3	12	3	14	0	6	1	0	1	1	1	3	115
Tulaigh Mhic Aodhain	0	1	11	3	5	0	3	0	0	0	1	1	2	2	1	0	4	0	1	1	36
Maigh Cuilinn (2)	9	2	225	14	76	0	8	8	33	18	3	6	79	45	8	25	27	29	2	8	625
Bearna (2)	7	1	29	4	4	1	3	15	218	23	4	24	6	30	7	12	23	7	1	27	446
Buaile Bheag	1	0	18	0	4	0	5	1	45	14	5	0	1	12	2	0	4	2	0	3	117
Páirc na Sceiche	0	0	10	2	6	0	7	0	11	21	3	0	0	8	0	2	1	1	0	1	73
Na Forbacha	5	0	5	9	4	11	1	10	134	3	2	6	6	35	9	12	22	14	1	16	305
An Spidéal 1	47	6	32	9	3	6	5	34	39	0	2	4	3	87	14	29	75	4	4	47	450
An Spidéal 2	12	3	19	7	4	15	1	31	36	1	2	8	2	54	18	41	49	7	1	100	411
Baile Nua	2	2	80	3	5	0	4	5	9	4	1	3	4	7	3	6	8	13	2	7	168
Sailearna 1	11	9	10	7	1	12	5	23	16	0	2	13	1	8	14	15	12	4	2	88	253
Sailearna 2	5	5	2	7	1	13	2	39	10	1	3	7	1	8	6	24	16	3	1	76	230
An Tulach	2	3	22	7	1	23	2	19	13	1	0	7	0	5	37	3	13	8	0	80	246
Ros a' Mhíl	5	1	39	4	1	15	0	18	15	0	2	13	0	3	80	4	7	50	0	24	281
Ceathrú Rua 1	12	16	5	9	1	19	1	45	7	0	2	3	1	4	87	31	11	12	0	5	271
Ceathrú Rua 2	2	12	16	5	1	21	1	29	6	0	7	3	0	4	122	29	16	8	0	5	287
Ceathrú Rua 3	2	21	23	6	1	28	0	26	6	0	4	2	0	3	58	75	8	35	1	16	315
Tuairín	1	26	5	15	2	12	1	10	3	1	0	5	0	1	44	15	11	13	1	5	171
Leitir Mór	14	64	15	14	1	23	0	26	10	0	1	1	0	4	63	22	26	6	3	8	301
Leitir Mealláin	0	55	0	0	0	59	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	47	0	0	0	161
Tír an Fhia 1	7	68	13	7	2	32	0	4	4	0	0	0	0	0	21	4	48	3	0	0	213
Tír an Fhia 2	30	99	12	5	0	44	0	5	11	0	0	4	0	1	15	6	32	14	0	2	280
Camus	3	9	27	17	1	5	0	21	17	0	1	0	4	1	48	4	7	6	2	8	181
Aird Mhór	4	10	2	14	0	7	0	133	2	0	1	3	1	8	9	30	8	7	36	9	284
Carna	0	6	5	4	2	7	1	44	2	1	11	1	0	4	21	7	0	1	60	6	183
Aird Thiar	1	1	5	3	4	4	0	48	0	0	4	0	1	1	20	4	0	2	63	4	165
Sraith Salach	0	2	30	0	1	0	0	2	7	3	26	0	3	0	3	0	1	2	7	20	107
An Mhám	2	0	14	0	60	0	0	2	1	0	1	1	4	2	0	3	0	3	0	42	135
Cloch Bhreac	0	0	0	4	40	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	72	117
Corr na Móna	1	0	12	6	102	2	0	2	4	0	1	4	0	1	1	3	0	3	0	189	331
An Fhairche	0	0	12	12	117	2	0	0	2	0	0	0	2	0	0	0	1	4	0	126	278
Conga	0	3	29	0	26	0	0	1	1	1	0	1	1	2	0	1	0	2	0	46	114
Cill Rónáin	0	5	8	1	0	7	0	1	1	2	127	8	1	4	11	0	1	1	7	13	198
Fearann na Coirce	0	2	6	0	0	8	0	4	2	5	140	3	0	1	5	1	1	2	0	10	190
Inis Meáin	0	0	1	0	0	1	0	0	0	0	32	1	0	4	9	0	1	2	0	17	68
Inis Oirr	1	2	0	10	0	4	0	8	2	0	40	19	0	6	9	0	0	0	0	23	124
Cathair na Gaillimhe	12	16	55	104	69	7	502	35	67	372	47	86	33	65	28	57	56	12	14	35	1672

Anailís ar Thoghchán an Údaráis

Donncha Ó hÉallaithe

Tugtar anseo briseadh síos, de réir boscaí, ar na vótaí a caitheadh i dtoghchán an Údaráis, mí Aibreán seo caite. Tá na figiúirí bunaithe ar na *tallies* a deineadh ag an gcomhairleamh agus na boscaí á n-oscailt. Níl na boscaí go léir curtha san áireamh. Níor ceadaíodh *tally* a dhéanamh i gcás bosca ar bith inar caitheadh níos lú ná 50 vóta. Níl aon *tally* ar fáil ón *Turlach Beag* (Ros Muc) ná ó *Loch Con Aortha*. Tá cúig chinn de boscaí na cathrach, *nach bhfuil* san áireamh ach an oiread.

Bua mór a bhí sa toghchán do pháirtithe an Chomhrialtais. Thóg siad 5 shuíochán as 6 chinn - 4 shuíochán ag *Fianna Fáil* agus ceann ag an bPáirtí Daonlathach. Athghadh

Seán Ó Tuairisc (Cois Fharraige); Seosamh Ó Cuaig (Iorras Aithneach) agus Connie Ní Fhatharta (An Cheathrú Rua). Chaill Ceantar na nOileán ionadaíocht ar an Údarás agus níor éirigh le *Fine Gael* an suíochán a bhíodh ag *Pól Ó Foighil* a choinneáil. Fuair Séamas Walsh as Uachtar Ard an suíochán a bhíodh ag Seán Ó Neachtain agus b'é Val Hanley ó Chnoc na Cathrach a thóg an ceathrú suíochán de chuid *Fhianna Fáil*, an suíochán a bhíodh ag Pádraig Ó Biadha.

Lá an chomhairimh bhí neart locht á chur ar an Aire Éamonn Ó Cuív agus údar leis. Eisean ba chúis le athrú na rialachán toghchánaíochta, rud a thug buntáiste mór dona páirtithe polaitíochta. A fhaillí mar Aire

Gaeltachta ba chúis le vótaí a bheith ag beagnach 10,000 duine i gCathair na Gaillimhe. Scaipeadh an scéal ar imeall na cathrach go gcaithfí áiteacha amach as an nGaeltacht mura mbeadh *turn out* maith sa toghchán. D'oibrigh an seift agus toghadh Val Hanley, Séamas Breathnach agus Seán Creaven ar Bhord an Údaráis: beirt tofa ó Chathair na Gaillimhe agus duine eile ó Uachtar Ard ach fágadh Ceantar na nOileán gan aon ionadaíocht.

Ach ní féidir an locht ar fad a chur ar Éamonn Ó Cuív. Níorbh é ba chúis leis an droch *turn out* i gCeantar na nOileán (52%).

Tigh Mhórain

Carna 095-32570

Beár, Pool, Ceol & Craic

Peter Fitzpatrick

Micheál Ó Fátharta

Conraitheoir Siúnéireachta

C2 Cláraithe

- Díon Tí
- Upvc fascia agus soffit.
- Iú is 2ú 'fix'
- Slin nádúrtha, ar fáil againn
- Rafta boinn
- Urláir adhmaid
- Staighrí
- (ar fáil againn agus curtha síos)

Glaigh ar 087 2118921

Go dtí an Cheathrú Rua via Teach Laighean

Tugann Áine Ní Chonghaile cuntas ar bhunú agus fás a comhlachta aistriúcháin, Europus Teo.

Nuair a bhí mise i mo ghasúr i Scoil Náisiúnta Thír an Fhia thagadh leabharlann na scoile thart le leabhra minic go maith. Feicim fós na seilfeanna lán le leabhra Chathail Uí Shandair agus is cuimhneach liom oícheanta fanacht i mo dhúiseacht ag iarraidh scéal eile faoi Reics Carló a chríochnú sula dtitfeadh mo chodhladh orm. Níor chaill mé an tsuim riamh sna scéalta bleachtairachta, agus cé gur mór idir Reics Carló agus John Grisham tá mé ag ceapadh gurbh iad leabhra Chathail Uí Shandair a chothaigh an tsuim ionam sna leabhra sin a dtugtar 'scéinséirí' i nGaeilge anois orthu.

Nuair a bhí leabhra Chathail Uí Shandair léite agam is cuimhneach liom na chéad leabhra eile ar chuir mé suim iontu. Leabhra le fear darbh ainm dó Seán Ó Lúing. Chruthaigh na leabhra sin dhá ní ionam – suim i nGaeilge agus suim sa stair. Ba as Baile an Fhírtéirigh é Seán Ó Lúing agus ba bheag a cheap go dtiocfadh sé sa saol go gcuirfinn aithne air agus go gcaithfinn seársaí fada ina chuideachta. Níor thuig mise cá raibh Baile an Fhírtéirigh ach thuig mé go raibh mé ag fáil sásaimh as a chuid scríbhneoireachta agus ar ábhar a chuid scríbhneoireachta. Is cuimhneach liom an leabhar ar Art Ó Gríofa a léamh agus ina dhiaidh sin na saothair eile a bhí foilsithe aige. Nuair a chuaigh mé isteach chuig Rannóg an Aistriúcháin i dTeach Laighean tar éis tamaill a bheith caite agam leis an mhúinteoireacht ní raibh sé i bhfad gur casadh Seán Ó Lúing orm, cé go raibh sé imithe ar

pinsean. Bhí sé ar nós casadh le duine de laochra m'óige domsa, ba bheag súil a bhí agam go leagfainn súil go deo air. Agus ní fhéadfainn a rá ach go raibh tionchar aige orm ó thaobh dul le aistriúchán.

Bunaíodh Rannóg an Aistriúcháin nuair a bunaíodh an Stát le aistriúchán a chur ar cháipéisí dlí ach go háirithe. Cuireann an Rannóg aistriúchán ar achtanna, ar ionstraimí agus ar cháipéisí eile dlí a thagann os comhair Thithe an Oireachtais. Cuireadh de chúram ar an Rannóg freisin caighdeán a chur ar fáil don Ghaeilge agus rinne siad sin nuair a cuireadh an Caighdeán Oifigiúil ar fad. Is é an Caighdeán a úsáidtear i gcáipéisí uile Stáit, i scrúduithe stáit agus i gcáipéisí comhlachtaí stáit agus poiblí eile.

D'oibrigh cuid de lucht aitheantais mór le rá na Gaeilge i Rannóg an Aistriúcháin. D'oibrigh Máirtín Ó Cadhain agus Seosamh Ó Cadhain ann. D'oibrigh Seán Ó Cathasaigh as Carna ann, deir siad nach raibh riochan ar bith leis ó thaobh stuaim agus cruinneas teanga ó thaobh an dlí. Nuair a bhain mise an áit amach Breandán Ó Cnáimhsí as Tír Chónaill a bhí ina Phríomh-Aistritheoir agus Micheál Ó Cuinneagáin as an gCeathrú Rua a tháinig ina dhiaidh. Chaith Seán Ó Curraoin as Cois Fharraige scaitheamh ina Phríomh-Aistritheoir. Tuaisceartach as Béal Feirste Gearóid Ó Casaide atá anois ann.

Is dóigh liom go bhfuil cuid den obair is breáichte a rinneadh riamh i nGaeilge déanta i Rannóg an Aistriúcháin. Is obair thomhaiste ghairmiúil é aistriúchán an dlí agus leag an chéad dream a leag síos na bealaí agus na caighdeáin

leis sin a dhéanamh samplaí agus múnlaí nach bhféadfaí a bhualadh. Daoine scolártha oile a bhí iontu, lucht Gaeltachta an chuid ba mhó acu, agus ní fhéadfadh an té a mbeadh suim aige ann ach iontas a dhéanamh chomh paiteanta agus a d'éirigh leo leagan Gaeilge den reachtaíocht a chur ar fáil. Is ar fhasaigh ar fad a bhíonn an dlí in Éirinn bunaithe agus na fasaigh agus na bealaí a leagadh síos ag an tús, is iad sin na cinn a leantar fós. Ní hamháin go mbíonn reachtaíocht na hÉireann le aistriú ach bíonn an Rannóg freagrach as aistriúchán na gConarthaí Eorpacha agus gach ionstraim aontachais a bhaineann leis an Aontas Eorpach. Oiliúint mhall chríochnúil a fuair duine i Rannóg an Aistriúcháin, ní raibh a leithéid de ní ann agus rud a dhéanamh de réir do láimhe, ní raibh an dara bealach le ní a dhéanamh, bhí do chuid oibre cruinn ceart nó ní raibh. Rinneadh seiceáil agus athsheiceáil ar chuile phíosá oibre ó d'aistreofaí ar dtús é go dtí go mbíodh na clódóirí críochnaithe leis an bpíosá deiridh. Nuair a chuaigh mise isteach sa Rannóg ar dtús ní raibh ríomhairí fairsing ach bhí daoine istigh ann a chuir alltacht orm lena gcuimhneamh cinn. Bhídís in ann tagairt d'achtanna, d'altanna, do mhíreanna sa reachtaíocht ar feadh na mblianta siar, ba chuid den obair í agus is scíl í a d'fhorbair siad. Tá an obair uilig ríomhairithe anois, ach ní lú scileanna na n-oibríthe. Is mó brú ná riamh atá ar an Rannóg le Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach le teacht i bhfeidhm faoi cheann dhá bhliain.

Thart ar 1995 bhuail fonn mé



Áine Ní Chonghaile in oifig Europus ar an gCeathrú Rua.

déanamh ar an mbaile agus is as sin a tháinig Europus Teo. Ba léir dom go raibh éileamh ar sheirbhís aistriúcháin agus shíl mé nach raibh áit ab fhearr lena lonnú ná sa mbaile i gConamara. Thosaigh mé fhéin agus bean amháin eile Sinéad Ní Ráinne as an Trá Bháin i gCois Fharraige agus d'athraíomar go dtí an Cheathrú Rua nuair a d'éirigh linn oifig a fháil ar cíós ansin ó Údarás na Gaeltachta. Bhí sciorta den ádh orainn freisin mar bhí Teilifís na Gaeilge, TG4 anois, ag teacht ar an bhfód agus bhí éileamh acu ar sheirbhísí.

Cuireann Europus seirbhís comhairleoireachta teanga ar fáil do TG4 i measc comhlachtaí poiblí eile. Tá trí dhuine dhéag againn ann. Cuirimid seirbhís teileactéacs agus fothéidealaithe ar fáil freisin. Is é croí ár gcuid oibre ná obair aistriúcháin. Cuirimid seirbhís aistriúcháin ar fáil do Ranna Rialtais agus do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí poiblí. Murach an dul chun cinn sa teicneolaíocht ní bheimis in ann an obair a dhéanamh ar an gCeathrú Rua. Na cleachtais agus na caighdeáin a chleachtaímid i Europus is iad na cinn iad a chleachtaítear i Rannóg an Aistriúcháin. Bíonn comhlachtaí stáit in ann a bheith cinnte nuair a fhaigheann siad píosá aistriúcháin go bhfuil an obair beacht cruinn agus de réir gach fhoráil agus cheanglas dlí ó

thaobh teanga agus sloinnnte. Má éilítear orainn obair a chur ar fáil i gcanúint déanaimid sin agus fáilte. Ní léir dúinn aon choimhlintí móra idir canúintí agus an caighdeán. Is ar na canúintí ar ndóigh atá an Caighdeán Oifigiúil bunaithe ach sin scéal do lá eile. Ceann de na nithe a thuigearm ó thús ná go gcaithfimis oiliúint a chur ar dhaoine má bhí linn na caighdeáin a bhí uainn a chomhlíonadh. Shocraíomar mar sin in 2000 tabhairt faoi chúrsaí oiliúna le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta. Socraíodh gur i gCarna a bheadh an cúrsa agus nach nglacfaí le níos mó ná 15 duine lena chinntiú go ndéanfaí cúram de chuile dhuine.

D'éirigh chomh maith leis an gcúrsa gur socraíodh creidiúnú a fháil dó agus trí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo cuireadh an cúrsa faoi bhráid HETAC a bhronn stádas Dioplóma Iarchéime air. Bhí éileamh mór ar an gcúrsa ainneoin gur sheas sé 24 seachtain agus go raibh 600 uair a chloig ann. Cúrsa dian é a bhfuil sé mar aidhm leis aistritheoirí gairmiúla a chur ar fáil. Tá postanna arda teanga bainte amach ag daoine a rinne an cúrsa. Anuraidh shocraíomar an cúrsa a thabhairt céim eile chun cinn agus stádas MSc a bhaint amach. Socraíodh ar Mháistreacht san Eolaíocht mar go n-aithnítear

an MSc anois mar an chéim is mó a dhéanann nasc idir oideachas agus oiliúint acadúil theoiriciúil agus an obair sa tionscal féin. I mbliana an chéad bhliain a bheimid ag reáchtáil an chéim MSc. Beidh ar mhic léinn ardtorthaí a bhaint amach sa Dioplóma Iarchéime sula mbeidh siad in ann dul ar aghaidh chuig an MSc. Tá na sluaite istigh ar an gcúrsa i mbliana ach ní ghlacfaimid ach le 15, an ní is mó a bhfuil suim againn ann ná aistritheoirí ard-oile gairmiúla a chur ar fáil.

Le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach tá níos mó agus níos mó éilimh ar aistritheoirí oile. Is dóigh liom go dtabharfaidh an scéal sin stádas nua don teanga. Ba chóir go mbeadh mic léinn ag iarraidh a bheith níos oile agus iad níos díri ar phostanna a bhaint amach a éileoidh cruinneas agus cirte sa teanga. Tá deiseanna teicneolaíochta sna mór-theangacha nach bhfuil i nGaeilge agus theastódh infheistíocht mhór a dhéanamh i nGaeilge leis na deiseanna sin a chur ar fáil. Tógann sé i bhfad níos mó ama agus saothair obair a dhéanamh cheal na ndeiseanna sin. Cuimhním go minic ar an dream a bhíodh i Rannóg an Aistriúcháin agus an éacht a rinne siad gan aon deis ar chor ar bith.

Le go mbeimid in ann freastal ar na riachtanais teanga anseo agus na cinn a bheidh ag teacht chun cinn san Eoraip teastaíonn go géar dóthain daoine gairmiúla a oiliúint. Theastódh go géar a chur ina luí ar mhic léinn óga go bhfuil cruinnneas agus ceart na teanga fíor riachtanach má tá siad le bunús a thabhairt dóibh féin i bpostanna teanga. Braithim go bhfuil easpa agus an iomarca réidhchúis ag baint leis an ngné sin den Ghaeilge anois, cleachtadh nach gcuirfí suas go deo leis ó thaobh an Bhéarla. Bhí an t-ádh ormsa gur tháinig mé faoi láimh dhaoine a rinne obair ealaíonta dá gcuid oibre, tá an t-ádh liom go bhfuil mé in ann oibriú ar ais sa mbaile in éineacht le foireann óg dhíograiseach a bhfeicim an fonn céanna orthu an cheird a fhoghlaim agus a bhí ar aistritheoirí a tháinig rompu.



Bean an Tigh: Therese Conroy
Scrib, Ros Muc, Conamara, Co na Gaillimhe.
Teil: 091 574139 / 087 6360039;
Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com

Ciarán Ó Conaire (Tom)

Sáile Laoi,
Ros Muc

Córais Teasa agus
Pluiméireachta

Cur isteach
agus Coiriú

087 9077759



Óstán na Páirce

AN SPIDÉAL
Teil: 091-553159 Faics: 091-553494

Do'd bhainis nó do'd chóisir

Gach eolas ó Sineád nó John Paul

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte,
péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartaí, marcleabhair,
gach cineál bronnantas speisialta

Hilaraf Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Óst na nOileán – TIGH LEE –

Leitir Meallán 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca



RAPIRE TEORANTA

Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593211
Facs: 593078




MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360

Seannmhianach Luaidhe agus
Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO
ROS MUC
CO. NA GAILLIMHE
TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE
WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM

NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE



Teach Uí Dhonnacha

An Mam, Co na Gaillimhe

*Neart Ól, Ceol agus Craic
gach deireadh seachtaine*

Mick Flavin, Patrick Feeney,
John Hogan. John Beag - an tAncaire,
PJ & Marcus Ó hlarnáin

i gcomhar ceiliúradh ócáid speisialta nó cóisir
lá breithe cuir gloch ar Chaitlín ag

091 571003

Sruth-Ola Teo

Cladhach
An Ceathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Fón: 091 572324

Do chomhlacht ola áitiúil

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017
Facs: 091-593715
Ríomhphost: cst@eircom.net

Comhar Chumann Chonamara Thiar Teo CCCTT (Co-op) Teo.

*Comhar Chumann Forbartha Pobal faoi acht um forbairt
sa Ghaeltacht. Bunaithe 1977.
Bainistíocht agus Riaracháin ar Maoin agus Tionscadal
Pobal i gConamara Thiar theas.*

Gach Rath ar
Féile an PLÉARACA 2005
Ó Scairsheabhoirí CCCTT (Co-op) Teo
Fón 095-33436/13 fx. E-Post cbcctt@eircom.net

1896-Tigh Mhaidhcó-2005
Rosmuc
091-574-121

Siopa agus Teach Ósta
Siopa Bia le Peitreal-Flogas-
Videos&rl.

Teach Ósta le neart caint craic ceol
damhsa agus ól. Gach rath ar
Feilé an PLÉARACA 2005

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169
Faics: 091595154

Maitiú Ó Máille

Plaistéara

087 9877027
091 786140



Tigh pheadair mhóir

banrach bán, baite na habhann

beár

Go n-éirí go geal leis an bpléaraca



Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge An Cheathrú Rua

Cúrsaí Gaeilge: Daoine fásta, Mic Léinn Tríú
Leibhéal, Eachtrannaigh, Cúrsaí Deireadh Seachtaine,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

- **Dioplóma sa Ghaeilge**
- **Dioplóma i Scileanna Raidió**
- **Ranganna Oíche Gaeilge do Dhaoine Fásta**
- **Ranganna Oíche Ríomhaireachta trí Ghaeilge / ECDL**
- **Seirbhís Rúnaíochta trí Ghaeilge don phobal**

Bróisiúr agus gach eolas:
Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091 / 595101 Facs: 091 / 595041
ríomhphost: caitriona.uichualain@oegaillimh.ie



Ionad Ealaíona, Cultúir agus Oidhreacht Inis Oírr

Dramaí, ceolchoirmeacha,
seoltaí, ceardlanna



Comhdháileacha, taispeántais

Tá dánlann, amharclann 70 shuíocháin, cinema,
ceardlann agus arasán d'ealaíontóirí cónaithe ag
Áras Éanna.

Gach eolas ó Aonghus Dwane ag 099-75150 nó
araseanna@eircom.net

www.araseanna.ie
"Ar imeall na hEorpa"



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 593307 Facs: (091) 593362
cic@iol.ie www.cic.ie

NOTES FROM THE HEART
Mick, Louise & Michelle
Mulcahy
€18



*Is é an binneas lena
seinneann siad i dteannta a
chéile is mó atá le tabhairt
faoi deara.*

Peadar Ó Riada

SOBALSAOL
Pádraig Standún
€12



Úrscéal spleodrach faoi Mhártan
Mac Cormaic, scríbhneoir scripte
don sobal *Béal an Chuain*, fear gur
geall le sobal a shaol féin.

Pádraig Standún

CATALÓG CHEOIL NUA AR FÁIL ANOIS
CUIR FIOS AR CHÓIP!

Brian Clarke

Clarke Plant and Truck Hire

Glanadh suímh, dúshraith agus maide mullaigh.
Gach cineál clocha ar díol, clocha tógála san
áireamh

Ros Muc, Co na Gaillimhe

Fón: 087 9877027



Siopa Dowd, Statoil
Carna Conamara 09532882

Siopa grósaera, Breosla, Gás, Gual,
Meaisín ATM, Caifé

Ealaín le Aoife agus Máirín Uí Dhubhda
Cartaí Mháirín

Go n-éirí go geal le Féile Phléaraca

Oireachtas na Samhna 2005

CORCAIGH

Luan - Domhnach: 31 Deireadh Fómhair - 6 Samhain

PRÍOMHIMEACHTAÍ NA FEILE

DÉ LUAIN, 31 DEIREADH FÓMHAIR

Oscailt Oifigiúil (Halla na Cathrach)
Paráid na Samhna, le bannaí ceoil ar dhroichead na Laoi
Béile & Céili Mór an Oireachtais le Banna Chill Fionnúra (Óstán Rochestown Park)
Léamh *Cúirt an Mheán Oíche* (Leabharlann na Cathrach)

DÉ MÁIRT, 1 SAMHAIN

Comórtas na Siopaí (Duaiseanna don fhóireann / fhuinneog / dearthóir is Gaelaí)
Comhdháil Lae ar na Teangacha Ceilteacha sa 21ú Aois (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)
'Lingua Puncture' taispeántas laethúil (Óstán Rochestown Park)
Feile Drámaíochta - Oscailt Oifigiúil (Óstán Rochestown Park)
Dinnéar Corparáideach (Óstán Rochestown Park)
Scléip na hÓire (ag leanúint go dtí an Aoine)
Club na Feile (Óstán Rochestown Park)

DÉ CÉADAOIN, 2 SAMHAIN

Comórtas Fichille (Óstán Rochestown Park)
Siompóisiam ar Eolaíocht na hÉireann (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí)
Seoladh Leabhar & Dlúthdhioscáil
Oscailt Taispeántas Ceardaíochta & Mór-Thaispeántas Tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta
Tae, Saíocht & Caidreamh - Omós do laochra an Oireachtais (Óstán Rochestown Park)
Club na Feile

DÉ ARDAOIN, 3 SAMHAIN

Comórtas 1: Seó Ardáin (Daoine Óga)
Comórtas 25: Amhránaíocht ar an sean-nós d'iomaitheoirí faoi 35
Club na Feile (Óstán Rochestown Park)

DÉ HAoine, 4 SAMHAIN

Comórtas do Dhaoine Óga: Seálaíocht & Agallamh Beirte - Aoisghrúpaí Éagsúla (Lárcholaíste Eoin)
Comórtas do Dhaoine Fásta: Scoraíocht, Amhrán Nua-Chumtha & Amhránaíocht ar an Sean-Nós (Óstán Rochestown Park)
Seoladh Oifigiúil - Acmhainn Aosoideachais ag BREACADH (Óstán Rochestown Park)
Seoladh Cláir Teilifíse - TG4 (Óstán Rochestown Park)
Club Amhránaíochta ar an Sean-Nós - Casadh an tSúgáin (Óstán Rochestown Park)
Club na Feile (Óstán Rochestown Park)

DÉ SATHAIRN, 5 SAMHAIN

Comórtas do Dhaoine Óga: Dreas Cainte & Amhránaíocht ar an Sean-Nós - Aoisghrúpaí Éagsúla (Lárcholaíste Eoin)
Comórtas do Dhaoine Fásta: Seálaíocht, Dreas Cainte do Dhaoine Fásta (Óstán Rochestown Park)
Comórtas do Dhaoine Fásta: Lúibíní & Agallamh Beirte - Daoine Fásta (Cork Opera House)
Seimineár ar Chúrsaí Oideachais arna reachtáil ag Conradh na Gaeilge (Óstán Rochestown Park)
Comórtas Rince ar an Sean-Nós - Daoine Óga & Daoine Fásta (Cork Opera House)
Com Uí Riada (Óstán Rochestown Park)
Club Amhránaíochta ar an Sean-Nós - Casadh an tSúgáin (Óstán Rochestown Park)
Club na Feile (Óstán Rochestown Park)

DÉ DOMHNAIGH, 6 SAMHAIN

Aifreann an Oireachtais - Eaglais Naomh Peadair & Pól le Cór Chúil Aodha & Aoi-Cheoltóirí Eile
Caitheamh Bolláir ar bhóthar Mhala
Saotharlann ar an Sean Níos (arna reachtáil ag Club Amhránaíochta Chorcaigh)
Cluichí an Oireachtais - Páirc Uí Rinn
Clabhsúr (Óstán Rochestown Park)

GACH EOLAS Ó

Oifig an Oireachtais, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 Fón: +353 1 475 38 57 Facs: +353 1 475 87 67 Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie www.antoireachtas.ie

Páraic Ó Conaola

Conraitheoirí Tógála & Leictreachais

Tionscail - Baile - Gnó

Sreangadh & Athshreangadh
Córais Alárm Tine Córais Cáblaí

Soláthraí Oifigiúil Dexpan

Gairfean, Rosmuc, Co na Gaillimhe

Teil: 091-574142 Fón Póca: 087 2481233

Cumas


Ionad Fiontair,
Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.
091/574353
cumas@eircom.net
www.cumas.ie

Tá Cumas ar cheann de 38 Páirtíochtí sa tír atá ag cur i bhfeidhm an Chláir Fhorbartha Áitiúil d'Áireamh Shóisialta le airgeadú ón Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Tá cuid mhaith Cláracha, le cabhair airgid & foirne, á reachtáil againn, a thugann tacaíocht do Phobail Chonamara & Árann tabhairt faoi an mibhuntaiste & easpa deiseanna dul chun cinn. Bíonn fáilte i gconaí roimh teagmháil.

Oifig: 091/574122, cumas@eircom.net
Seirbhís Eolais Saoránach: An Chrannóg, Ros Muc, 091/574122.

Oifig Oideachais Chumais: Casla, 091/506943.



Taisteal na Cruinne

Aonad 4
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Fón: 09-1-553149/504997 Facs: 091-553289

www.tnc.ie

colemantnacs@eircom.net



Mountain View Stud

Gort Mór, Ros Muc, Co na Gaillimhe



Stail: Glencarrig Sparrow

Láir: Glencarraig Róisín

4ú áit RDS - 2ú áit Seó an Chlocháin

Fáilte roimh chuairoteoirí



mfg teo

Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe
Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe

Gach Eolas Ó:

Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach,
Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta
Páirc Ghnó Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593410

Facs: (091) 593728.

Ríomhphost: mfggaillimh@eircom.net

Nioclás P. Ó Conchubhair Teo Leitir Móir

Teil: 091 551114; Faics: 091551258

SIOPA CRUA-EARRAÍ

• PLUIMÉIREACHT • ADHMAD • EARRAÍ LEICTREACH • PÉINT

e-phost nicholasoc@eircom.net



TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
AMHARCLANN NÁISIÚNTA NA GAELLIGE

Coinneáil Orainn

Dráma grinn le Darach Ó Scolaí
Mórléiriú an Fómhair
Buaiteoir Gradam Cuimhneacháin Bháitéir Uí Mhaicín
Luan 3 - Déardaoín 13 Deireadh Fómhair ag 8.00 i.n. i nGaillimh
Camchuairt Náisiúnta ina dhiaidh sin:
Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Gaoth Dobhar
Ticéid: €15/€12

Áille agus An Bhrúid

Geamaireacht le Peadar Cox
Luan 12 - Domhnach 18 Nollaig
Geamaireacht na Nollag
Ticéid: €10/€7.50, Ráta teaghlaigh ar fáil chomh maith.

Eolas Teagmhála:

Taibhdhearc na Gaillimhe, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge
An tSráid Láir, Gaillimh
G: 091 563600 F: 091 563195
R-phost: eolas@antaibhdhearc.com Idirlíon: www.antaibhdhearc.com <http://www.antaibhdhearc.com>



Tá níos mó ná t-léinte
ag an Spailpín




Tá réimse álainn
de mhálaí láimhe

ar fáil anois i siopa An Spailpín Fánach
Ceardlann an Spidéil

CLADDAGH

Uirlisí ceoil den scoth
Feadóga - Boscaí ceoil - Bodhráin
Veidhlíní - Feadóga móra - Píobáí



Uirlisí Ceoil an Chladaigh
Ceardlann, An Spidéal, Conamara.

Buail isteach nó glaoigh ar Paul
Fón: 091-504799 Faics: 091-504799

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón
095 33404/33417

Facs
095 33494
e-phost: info@arramara.ie

www.arramara.ie



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Cartaí Bainise



AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN

Díolachán Mór Bliantúil tosnú 12ú Samhain 2005



STANDÚN
"Siopa de'n Scoth"

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón 091-553108

Gach rath ar an bhféile
- ó Mhuintir Standún

Máire Seoige

Ros Muc

Leaba agus Bricfeasta
Loistín

091-574147



Máirtín Loftus

Conraitheoir Pláistéireachta

Doire Iorrais
Ros Muc

087 2965795


Gach rath ar an bPléaráca



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí

Comhairleoirí i n-innealltóireacht thionsclaíochta. (Industrial Engineering)

- Feabhsú gnó & próiseais (business & process improvement)
- Iniúcháireacht Caighdeáin & Innealtóireachta (Quality & Engineering Audits)
- Bog-earra ríomhaireachta (computer software)



Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Conamara.
www.toh.ie
info@toh.ie

Os cionn 10 mbliana i mbun oibre!

Orchard View,
Longwood, Co. na Mí
Fón: 046-9555885
Facs: 046-9555886

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhrúach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san Iarthar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le hÉadaí a thiomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistíú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcáíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuillleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 094-9546483/9546416 Uimhir facs: 094-9546705





pobal



forbairt

teanga



cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>